**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

**TÉACSANNA ARNA nGLACADH**

# P9_TA(2022)0286

## An tAontas Eorpach agus cosaint an iltaobhachais

### Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 6 Iúil 2022 maidir leis an Aontas Eorpach agus cosaint an iltaobhachais (2020/2114(INI))

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don doiciméad dar teideal 'Shared Vision, Common Action:  A Stronger Europe – A Global Strategy for the European Union's Foreign and Security Policy'[Fís Chomhroinnte, Gníomhaíocht Chomhchoiteann:Eoraip níos láidre – Straitéis Dhomhanda maidir le Beartas Eachtrach agus Slándála an Aontais Eorpaigh], arna thíolacadh ag Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála (VP/HR) Federica Mogherini, an 28 Meitheamh 2016,

– ag féachaint don teachtaireacht chomhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le rannchuidiú AE le hiltaobhachas riailbhunaithe a neartú (JOIN(2021)0003),

– ag féachaint don teachtaireacht chomhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach agus chuig an gComhairle, dar teideal 'A new EU-US agenda for global change' [Clár oibre nua AE-SAM don athrú domhanda] (JOIN(2020)0022),

– ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle an 12 Iúil 2021 maidir le tosaíochtaí an Aontais ag na Náisiúin Aontaithe le linn an 76ú seisiún de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe,

– ag féachaint don teachtaireacht chomhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún an 25 Márta 2020 maidir le plean gníomhaíochta AE 2020-2024 i ndáil le cearta an duine agus leis an daonlathas (JOIN(2020)0005), go háirithe caibidil 3 de, atá tiomnaithe do chóras domhanda do chearta an duine agus don daonlathas a chur chun cinn agus a fochaibidil 3.1 maidir leis an gcomhar iltaobhach, lena gcuirtear i bhfeidhm tiomantas an Aontais do chóras láidir iltaobhach um chearta an duine,

– ag féachaint do théacs athbhreithnithe an Dearbhaithe Pholaitiúil lena leagtar amach an creat don chaidreamh sa todhchaí idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe mar

a comhaontaíodh ar leibhéal na n-idirbheartaithe an 17 Deireadh Fómhair 2019,

– ag féachaint do phlean gníomhaíochta AE maidir le mná, an tsíocháin agus an tslándáil (WPS) 2019-2024, agus do phlean gníomhaíochta inscne III AE (GAP III) an 25 Samhain 2020,

– ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle an 22 Feabhra 2021 maidir le tosaíochtaí AE i bhFóraim na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta an Duine in 2021,

– ag féachaint do thuarascáil 2021 ó Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe dar teideal 'Our Common Agenda' [Ár gComhchlár Oibre],

– ag féachaint dá rún an 13 Meitheamh 2013 maidir le ról AE i gComhpháirtíocht Thrasatlantach níos leithne a chur chun cinn[1],

– ag féachaint do rún uaithi an 17 Aibreán 2020 maidir le gníomhaíocht chomhordaithe AE chun paindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí a chomhrac[2],

– ag féachaint do mholadh uaithi an 9 Meitheamh 2021 chuig an gComhairle maidir leis an 75ú agus an 76ú seisiún de chuid Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe[3],

– ag féachaint do Straitéis AE i gcoinne leathadh arm ollscriosta an 10 Nollaig 2003 agus do na conclúidí ón gComhairle an 17 Nollaig 2008 maidir leis na línte nua gníomhaíochta ag an Aontas Eorpach chun leathadh arm ollscriosta agus a gcórais seachadta a chomhrac,

– ag féachaint do mholadh uaithi an 21 Deireadh Fómhair 2021 chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin/Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála maidir le caidreamh polaitiúil agus comhar idir AE agus an Téaváin[4],

– ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle an 24 Eanáir 2022 maidir leis an gcomhpháirtíocht straitéiseach idir na Náisiúin Aontaithe agus an tAontas Eorpach i ndáil le hoibríochtaí síochána agus bainistiú géarchéime go dtí an chéad leibhéal eile: Tosaíochtaí 2022-2024,

– ag féachaint do Chomhaontú Pháras a ghabhann le Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide, a glacadh an 12 Nollaig 2015,

– ag féachaint do Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe agus do na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFI),

– ag féachaint don Cheathrú Comhdháil Dhomhanda ar Mhná, a tionóladh i mBéising i mí Mheán Fómhair 1995, don Dearbhú agus don Chlár Oibre Gníomhaíochta maidir le cumhachtú na mban a glacadh i mBéising, agus do na doiciméid toraidh i ndiaidh sheisiúin speisialta Bhéising na Náisiún Aontaithe + 5, + 10, + 15 agus +20 maidir le gníomhaíochtaí agus tionscnaimh nua chun Dearbhú Bhéising agus an Clár Oibre Gníomhaíochta, a glacadh an 9 Meitheamh 2000, an 11 Márta 2005, an 2 Márta 2010

---

1 IO C 65, 19.2.2016, lch. 120.
2 IO C 316, 6.8.2021, lch. 2.
3 IO C 67, 8.2.2022, lch. 150.
4 IO C 184, 5.5.2022, lch. 170.

agus an 9 Márta 2015 faoi seach, a chur chun feidhme,

– ag féachaint do Straitéis Dhomhanda Frithsceimhlitheoireachta na Náisiún Aontaithe, a ghlac an Comhthionól Ginearálta i mí Mheán Fómhair 2006, a thabharfar cothrom le dáta go luath,

– ag féachaint do Rún 1325 (2000) ó na Náisiúin Aontaithe a ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe an 31 Deireadh Fómhair 2000,

– ag féachaint do Rún 65/276 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe a glacadh an 3 Bealtaine 2011 maidir le rannpháirtíocht an Aontais in obair na Náisiún Aontaithe,

– ag féachaint do na ceithre ráiteas comhpháirteacha ón Aontas agus ó na Náisiúin Aontaithe ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe i mí Mheán Fómhair 2018,

– ag féachaint do rún uaithi an 12 Meán Fómhair 2018 maidir le Córais Arm Uathrialaitheach[1],

– ag féachaint do chreat-chomhaontú an 29 Meán Fómhair 2020 idir an tAontas Eorpach agus na Náisiúin Aontaithe maidir le Soláthar Tacaíochta Frithpháirtí i gcomhthéacs a gcuid misean agus a gcuid oibríochtaí allamuigh faoi seach,

– ag féachaint do rún uaithi an 1 Márta 2022 maidir le hionsaí na Rúise i gcoinne na hÚcráine[2],

– ag féachaint do rún uaithi an 7 Aibreán 2022 maidir leis na conclúidí ó chruinniú na Comhairle Eorpaí an 24-25 Márta 2022, lena n-áirítear na forbairtí is déanaí maidir leis an gcogadh i gcoinne na hÚcráine agus smachtbhannaí AE i gcoinne na Rúise agus a gcur chun feidhme[3],

– ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha (A9-0172/2022),

A. de bhrí go bhfuil an t-ord domhanda ag éirí níos éagobhsaí, níos polaraithe agus millte ag cláir oibre iomaíocha agus ag seasaimh bheartais iomaíocha agus ag an riosca méadaitheach go mbeidh ilroinnt rialála agus iomaíocht ann maidir le caighdeáin rialála; de bhrí go bhfuil an daonlathas, cearta an duine agus an smacht reachta ag teacht faoi bhagairt mhéadaitheach i réigiúin éagsúla an domhain; de bhrí go bhfuil bagairtí agus rioscaí méadaitheacha os comhair chosantóirí chearta an duine agus gníomhaithe na sochaí sibhialta maidir lena gcuid oibre dlisteanach;

B. de bhrí gur tógadh an t-ord iltaobhach chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin ár linne agus chun dul i ngleic leo, amhail ocras agus fíorbhochtaineacht, neamhionannas, díghrádú comhshaoil, galair, suaití eacnamaíocha agus coinbhleachtaí a chosc; de bhrí go bhfuil dul chun cinn tábhachtach déanta, ach le deich mbliana anuas thugamar cúlú

1 IO C 433, 23.12.2019, lch. 86.
2 Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2022)0052.
3 Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2022)0121.

faoi deara i roinnt réimsí;

C. de bhrí gur gá an conradh sóisialta a athnuachan agus muinín a athbhunú;

D. de bhrí gur thug gach tír gealltanas i mí Mheán Fómhair 2015 do chlár oibre uaillmhianach maidir le conas dul i ngleic le dúshláin dhomhanda le chéile, Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe;

E. de bhrí, cé gurb é an t-iltaobhachas an córas eagrúcháin is fearr chun dúshláin dhomhanda a réiteach, nach mór a aithint go bhfuil sé ag streachailt chun an bealach a aimsiú i dtreo cur chun feidhme éifeachtach;

F. de bhrí go bhfuil an domhan tar éis teacht isteach i ré nua ilpholach ag a bhfuil acmhainneacht mhór suaiteachta, coimhlinte agus éagobhsaíochta arb é is príomhthréith dá cuid móriomaíocht gheopholaitiúil lena mbaineann bagairtí agus coinbhleachtaí neamhthraidisiúnta, amhail ionsaithe hibrideacha agus cibirionsaithe, cogaíocht hibrideach agus bréagaisnéis, a tharlaíonn go minic i ngan fhios don phobal, ach a bhfuil impleachtaí suntasacha acu ar shlándáil AE agus ar shlándáil dhomhanda, agus nach bhfuil uirlisí cuí againn chun dul i ngleic leo agus chun freagairt dóibh; de bhrí go bhfuil baol ann go mbeidh bearna idir na dúshláin dhomhanda atá ann faoi láthair agus cumas an chórais iltaobhaigh atá ann faoi láthair réitigh éifeachtacha agus chuimsitheacha a chur ar fáil;

G. ach ag an am céanna tá an t-ord domhanda ag dul i ngleic níos mó le saincheisteanna beartais agus le dúshláin a éilíonn gníomhaíocht ar an leibhéal idirnáisiúnta, lena n-áirítear idirphlé éifeachtach beartais domhanda, comhar agus cóineasú seasaimh, chun réitigh inbhuanaithe a cheapadh a fhéadfaidh torthaí a bhaint amach, gníomhaíocht chomhordaithe agus comhbheartas. caighdeáin laistigh d’ordú atá bunaithe ar rialacha ar féidir leo seachadadh éifeachtach a dhéanamh ar mhaithe le gach duine agus cearta an duine agus an smacht reachta a chur chun cinn; de bhrí gur cheart go rannchuideodh na caighdeáin sin leis an tsíocháin, leis an gcobhsaíocht agus leis an bhforbairt inbhuanaithe idirnáisiúnta; de bhrí go bhfuil AE taobh thiar de dhlíthe agus noirm idirnáisiúnta;

H. de bhrí go bhfuil an domhan éirithe níos idirnasctha, rud a fhágann go bhfuil gníomhaithe ar an ardán idirnáisiúnta níos idirspleáiche agus go bhfuil na dúshláin níos casta; de bhrí go n-éilíonn na fadhbanna il-leibhéil a eascraíonn as sin gníomhaíocht chomhchoiteann, struchtúir sholúbtha agus cuimsiú na ngeallsealbhóirí uile;

I. de bhrí go n-eascraíonn an t-ord iltaobhach reatha ón ord domhanda iar-1945, nach gá go léiríonn sé go hiomlán saol an lae inniu, ós rud é nach ndearnadh na gníomhaithe domhanda reatha uile a chur san áireamh go cuí i ndearadh an ollstruchtúir iltaobhaigh;

J. de bhrí go bhfuil beartais agus noirm maidir le rialú arm domhanda, dí-armáil agus neamhleathadh á dtréigeadh agus á lagú tráth a bhfuil díolacháin gnátharm ag dul i méid, méadú ag teacht ar leibhéal neamhspleáchais na gcóras arm, agus infheistíochtaí á ndéanamh in airm ollscriosta nua;

K. de bhrí go bhfuil níos mó dúshlán á thabhairt don iltaobhachas, mar mhodh síochánta chun caidreamh a eagrú i measc stáit cheannasacha, i bpáirt mar gheall ar athruithe ar an gcóras idirnáisiúnta, amhail teacht chun cinn gníomhaithe nua ar an ardán domhanda

agus bagairtí hibrideacha a eascraíonn astu, an teannas a eascraíonn as cineál na n-institiúidí iltaobhacha agus an gá atá le hinstitiúidí a bhí ann le blianta fada a athchóiriú, an bhearna atá ag dul i méid idir tuairimí agus institiúidí poiblí, méadú ar thuairimí i gcoinne an domhandaithe, an meath atá tagtha ar chumhachtaí geopholaitiúla ceannasacha go traidisiúnta agus an meath ar shaoirsí domhanda agus an daonlathas ina dhiaidh sin; de bhrí go ndearna paindéim COVID-19 agus a tionchar gan fasach ar an bpobal idirnáisiúnta na hathruithe sin a threisiú agus a luathú; de bhrí go bhfuiltear ar thairseach ré nua a bhagraíonn an bonn a bhaint de níos mó ná 70 bliain de dhul chun cinn agus síocháin choibhneasta agus ré na polaitíochta láidre a chomhdhlúthú agus iarracht a dhéanamh an bonn a bhaint den ord riailbhunaithe idirnáisiúnta atá bunaithe ar an dlí idirnáisiúnta agus ar an smacht reachta, ar fhreagracht, ar an daonlathas agus ar chearta an duine, ar chomhionannas inscne agus ar éagsúlacht; de bhrí go gcuirtear brú ar an gcóras iltaobhach aghaidh a thabhairt ar thrí ghéarchéim nasctha de bharr meascán de spreagthaí pobalacha náisiúnta, cuspóirí éagsúla agus athraitheacha agus easpa modhanna cur chun feidhme agus cuntasachta: géarchéim chumhachta, ábharthachta agus dlisteanachta, atá mar thoradh ar easpa toil pholaitiúil agus comhordaithe pholaitiúil, san Iarthar den chuid is mó;

L. de bhrí gur féidir le géarchéim an iltaobhachais a bheith ina deis chun comhdhearcadh a athbhunú maidir le hord idirnáisiúnta atá bunaithe ar an iltaobhachas agus ar an smacht reachta trí chomhar, dlúthpháirtíocht agus comhordú éifeachtúil; de bhrí gur cheart do AE tacú le tionscnaimh a bhfuil sé mar aidhm leo tuairimí na sochaí sibhialta a ionchorprú sna próisis chinnteoireachta i bhfóraim iltaobhacha amhail na Náisiúin Aontaithe; de bhrí gur cheart do AE tacú le Tionól Parlaiminteach na Náisiún Aontaithe (UNPA) a bhunú laistigh de chóras na Náisiún Aontaithe chun carachtar daonlathach, cuntasacht dhaonlathach agus trédhearcacht an rialachais dhomhanda a mhéadú;

M. de bhrí go bhfuil gá le hiltaobhachas a athbheochan go tapa chun dul i ngleic leis an ngéarchéim ilghnéitheach sin; de bhrí go bhfuil bagairtí ar an tsíocháin agus ar an tslándáil, ar shaoirsí bunúsacha agus ar an daonlathas, ar an athrú aeráide, ar chailliúint na bithéagsúlachta, ar dhíghrádú an chomhshaoil, ar bhainistiú riosca tubaiste, ar dhúshláin dhomhanda maidir leis an tsláinte phoiblí, ar an gcaomhnaitheacht atá ag dul i méid, ar bhréagaisnéis, ar chur isteach eachtrach, ar chomhionannas inscne, ar fhorbairt inbhuanaithe agus ar dhoimhniú na bochtaineachta agus na neamhionannas ar an leibhéal domhanda ar chuid de na dúshláin phráinneacha atá le sárú ag an domhan faoi láthair; de bhrí nach mbeidh an comhphobal idirnáisiúnta in ann freagraí marthanacha agus inbhuanaithe a fháil ar na dúshláin sin agus ar na dúshláin a bheidh ann amach anseo ach amháin trí ord iltaobhach treisithe agus trí cheannaireacht pholaitiúil;

N. de bhrí, chun an t-iltaobhachas a athbheochan agus a chosaint, nach mór do AE cuidiú le hinstitiúidí iltaobhacha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta a choinneáil beo agus ag feidhmiú, agus ag an am céanna comhar níos doimhne a lorg le comhpháirtithe atá ar aon intinn chun troid ar son a luachanna agus a leasanna; de bhrí go n-athróidh na comhghuaillíochtaí sin ar bhonn saincheisteanna agus nár cheart go mbainfeadh siad an bonn de na hinstitiúidí atá ann cheana; de bhrí gur cheart do AE a dhícheall a dhéanamh comhghuaillíochtaí oscailte a thógáil seachas clubanna eisiacha; de bhrí gur gá do AE bealaí nua a aimsiú chun dul i dteagmháil le tíortha ón Domhan Theas agus é sin a dhéanamh ar chomhchéim leo, mar chomhpháirtithe comhionanna;

O. de bhrí gur léirigh an t-athrú aeráide agus paindéim COVID-19 tábhacht dhomhanda agus tosaíocht bheartais na n-earraí poiblí domhanda, amhail, inter alia, rochtain ar

shláinte, aer glan agus uisce glan, bia agus acmhainní eile, oideachas, teicneolaíocht agus cibearspás ar bhealach cuimsitheach, slán agus iontaofa; de bhrí gur chuir paindéim COVID-19 fíric fhollasach i gcuimhne dúinn: i bhfianaise na paindéime, níl ár slabhra sábháilteachta sláinte ach chomh láidir leis an gcóras sláinte is laige; de bhrí gur bagairt do dhaoine agus do gheilleagair i ngach áit é COVID-19 a bheith in aon áit; de bhrí go bhfuil gá le comhar domhanda maidir le cuspóirí, íoschaighdeáin choiteanna agus tacaíocht ghníomhach do na tíortha agus do na pobail is leochailí chun rochtain ar earraí poiblí domhanda agus ar fhreagairtí beartais a fháil chun rochtain den sórt sin a chaighdeánú agus a leathnú ar fud tíortha agus pobal; de bhrí go n-éilítear leis sin clár oibre iltaobhach éifeachtach a bheidh dírithe ar earraí poiblí domhanda agus ar struchtúir rialachais a threisíonn rochtain ar na hearraí sin; de bhrí nach féidir, agus nár cheart, in imthosca ar bith, idirphlé éifeachtach beartais, comhar agus seachadadh maidir le rochtain ar earraí poiblí domhanda a dhíchúpláil ó chur chun cinn agus ó chosaint na gceart bunúsach agus na dínite, chomh maith le cumhachtú gach duine, go háirithe na daoine is leochailí; de bhrí gur léirigh paindéim COVID-19 a thábhachtaí atá obair EDS agus acmhainneacht EDS an fhreagairt ar an bpaindéim a bhainistiú go tapa agus go héifeachtach, agus ag an am céanna ábhair imní a thabhairt chun solais amhail iarracht ar chur isteach agus ionramháil a ghníomhaíochtaí chun na críche sin;

P. de bhrí go bhfuil an sceimhlitheoireacht fós ar cheann de na bagairtí is tromchúisí ar an tsíocháin agus ar an tslándáil idirnáisiúnta;

Q. de bhrí gur féidir le freagairtí beartais neamhshiméadracha, nach bhfuil chomh héifeachtach agus chomh claonta céanna, cothrom iomaíochta a bhaint ó bhaill uile an chomhphobail idirnáisiúnta, tiomantas i bhfad níos laige ag an bpobal idirnáisiúnta do chosaint agus cur chun cinn luachanna uilíocha agus cearta uilíocha, gur féidir leis na nithe sin ar fad a bheith mar thoradh ar threallús méadaitheach na réimeas údarásaíoch agus ollsmachtach agus na rialtas neamhliobrálach i bhfóraim iltaobhacha agus in eagraíochtaí idirnáisiúnta, lena n-áirítear trí iarrachtaí chun noirm idirnáisiúnta a lagú agus a athscríobh, agus trína rannpháirtíocht láidir i bpróisis bhainistíochta agus chinnteoireachta na n-eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha agus i bhfóraim iltaobhacha; de bhrí gur féidir le cláir oibre aonair, gníomhaíochtaí aontaobhacha agus easpa rannpháirtíochta agus tacaíochta do réitigh iltaobhacha an bonn a bhaint go mór den iltaobhachas mar phrionsabal eagrúcháin bunriachtanach chun dul i ngleic le dúshláin thrasnáisiúnta; de bhrí, sa chomhthéacs sin, go bhfuil sé bunriachtanach go n-athdhearbhófaí luach an rialachais riailbhunaithe, an comhar idirnáisiúnta, tiomantas do chearta bunúsacha agus fíorchothroime iomaíochta do bhaill uile an chomhphobail idirnáisiúnta; de bhrí go mbeidh eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha agus fóraim iltaobhacha fíorthábhachtach chun na cuspóirí sin a bhaint amach; de bhrí, ní hamháin go ligfidh na cuspóirí sin do bheartas dearfach níos éifeachtaí tionchar a bheith aige ar dhúshláin dhomhanda, ach go gcuirfidh siad srian agus cosc le riosca na coinbhleachta;

R. de bhrí gur cheart do AE, níos mó ná riamh, infheistíocht a dhéanamh chun eagraíochtaí iltaobhacha a neartú mar cheann de thosaíochtaí a chomhbheartais eachtraigh agus slándála (CBES) agus an chomhbheartais slándála agus cosanta (CBSC); de bhrí go leagann Compás Straitéiseach AE tábhacht mhór ar chomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta agus iltaobhacha mar cheann de cholúin bhunúsacha a CBSC;

S. de bhrí go bhfuil gá le comhar iltaobhach i measc comhpháirtithe atá ar aon intinn agus iad ag déileáil le cur isteach eachtrach mhailíseach;

T. de bhrí go bhfianaítear leis an tuarascáil ó Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe dar teideal ‘Our Common Agenda’ [Ár gComhchlár Oibre], a cuireadh faoi bhráid Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe i mí Mheán Fómhair 2021 agus ar chuir an Comhthionól Ginearálta fáilte roimhe i mí na Samhna 2021 agus a dréachtaíodh trí phróiseas comhairliúcháin fadréimseach lena n-áirítear Ballstáit na Náisiún Aontaithe, ceannairí smaointeoireachta, daoine óga, an tsochaí shibhialta, geallsealbhóirí agus saoránaigh ábhartha, chomh maith le córas na Náisiún Aontaithe agus a iomaí comhpháirtithe, go bhfuil gá le hiltaobhachas níos éifeachtaí, níos cuimsithí atá bunaithe ar rialacha agus líonraithe don todhchaí; de bhrí go mbeidh sé sin bunriachtanach do chóras na Náisiún Aontaithe agus d’fhóraim iltaobhacha eile chun leanúint de bheith ina fhóram éifeachtach le haghaidh comhairliúcháin agus cinnteoireachta domhanda; de bhrí, sa chomhthéacs sin, go bhfuil seasamh uathúil ag AE chun tacú leis na Náisiúin Aontaithe agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha eile chun próiseas athchóirithe a shaothrú agus chun a n-acmhainneacht seachadta agus a gcumas chun nascadh le geallsealbhóirí ábhartha a athbheochan, amhail daoine óga nó na pobail is mó atá buailte ag an athrú aeráide, lena n-áirítear ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach; de bhrí, agus an méid sin á dhéanamh aige, gur cheart do AE an deis a thapú chun páirt chuiditheach agus éifeachtach a ghlacadh le cumhachtaí iomaíochta, agus seasamh daingean á choinneáil aige maidir le cearta agus saoirsí bunúsacha, samhail shóisialta agus pholaitiúil atá fréamhaithe i luachanna uilíocha a chur chun cinn agus comhar agus comhordú níos dlúithe a shaothrú le tíortha atá ar aon intinn chun tosaíocht luachanna uilíocha agus cearta bunúsacha a threisiú agus chun réitigh éifeachtacha ar dhúshláin dhomhanda a chur chun cinn; de bhrí go mbeidh taidhleoireacht pharlaiminteach ina príomhghné chun iltaobhachas riailbhunaithe, cuimsitheach, líonraithe agus éifeachtach a threisiú;

U. de bhrí go bhfuil AE agus a Bhallstáit tiomanta go hiomlán don iltaobhachas, don rialachas domhanda, do chur chun cinn chroíluachanna na Náisiún Aontaithe mar dhlúthchuid de bheartas seachtrach AE, agus do thrí cholún chóras na Náisiún Aontaithe: cearta an duine, an tsíocháin agus an tslándáil, agus an fhorbairt;

V. de bhrí go leanann AE agus na Náisiúin Aontaithe de bheith ag obair go dlúth i mbreis agus 170 tír chun feabhas a chur ar chosaint chearta an duine do chách, chun ocras agus míchothú a laghdú, chun géarchéimeanna a chosc agus a shárú, chun sochaithe daonlathacha cuimsitheacha a thógáil, chun seirbhísí bunriachtanacha a sholáthar, chun fás inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus poist chuibhiúla a chur chun cinn, agus chun bainistiú inbhuanaithe acmhainní nádúrtha a áirithiú;

W. de bhrí gur féidir le ról agus uirlisí na Parlaiminte i réimse na taidhleoireachta parlaimintí, na hidirghabhála parlaimintí agus an idirphlé pharlaimintigh rannchuidiú go gníomhach chun iltaobhachas a neartú;

X. de bhrí go dtugtar leis ‘an Eoraip Dhomhanda - an Ionstraim nua um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta’ (ionstraim airgeadais na hEorpa Domhanda), in éineacht le cur chuige ‘Foireann na hEorpa’ agus an Straitéis maidir leis an Tairseach Dhomhanda, don Aontas agus dá Bhallstáit an cumas acmhainní a chomhthiomsú ar bhealach sineirgeach agus cúnamh a chomhordú ar bhealach níos fearr agus tionchair dhearfacha a chruthú i ngníomhaíocht sheachtrach AE, trí fhóraim iltaobhacha freisin, agus riachtanais na dtíortha comhpháirtíochta á gcur san áireamh, lena n-áirítear trí chomhar leanúnach agus neartaithe leis na Náisiúin Aontaithe ar an láthair; de bhrí gur cheart do AE tosaíocht a thabhairt do chabhair a chur ar fáil do thíortha a bhfuil taifead

acu ar dhea-rialachas agus tiomantas do phrionsabail dhaonlathacha agus do chearta an duine;  de bhrí go bhforáiltear, leis an ionstraim airgeadais nua don Eoraip Dhomhanda, d'idirphlé polaitiúil ardleibhéil idir an Coimisiún, an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) agus an Pharlaimint maidir le tosaíochtaí a phleanáil agus an deis ag an bParlaimint an t-idirphlé beartais agus pleanála sin a athnascadh lena fhor-rochtain pholaitiúil agus lena chomhairliúcháin pholaitiúla le tríú tíortha, agus ar an gcaoi sin cumas AE cúnamh a thabhairt do thríú tíortha ábhartha agus tionchar dearfach a imirt orthu trína ghníomhaíochtaí taidhleoireachta parlaimintí agus for-rochtain a threisiú;

Y. de bhrí, má tá AE le labhairt d'aon ghuth, nach mór athruithe suntasacha a dhéanamh ar an bpróiseas cinnteoireachta maidir le gnóthaí eachtracha; de bhrí go gcuireann cinnteoireacht d'aon toil bac ar chumas AE a bheith rannpháirteach mar ghníomhaí láidir ar an ardán idirnáisiúnta, de bhrí gur cheart do SEGS agus do na Ballstáit aontú le vótáil trí thromlach cáilithe ar ábhair a bhaineann leis an mbeartas eachtrach, ós rud é gur cineál cinnteoireachta níos éifeachtaí é;

***Iltaobhachas atá cumhdaithe i gcroíluachanna an AE a atógáil***

1. á chur in iúl gur geal léi an teachtaireacht chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ón Leas-Uachtarán/Ardionadaí chuig an bParlaimint agus chuig an gComhairle maidir le rannchuidiú AE le hiltaobhachas riailbhunaithe a neartú; á mheas, leis an teachtaireacht sin, go gcuirtear go díreach le, agus go dtugtar ar aghaidh, an machnamh atá á dhéanamh ar bheartas eachtrach AE óna thiomantas tábhachtach ach níos ginearálta don iltaobhachas éifeachtach mar a shainítear i straitéis slándála na hEorpa 2003 chun an gá atá le luach agus cuspóir an iltaobhachais éifeachtaigh a chomhcheangal le pragmatachas prionsabalach agus leis an ngá atá ann leasanna agus luachanna an Aontais a chur chun cinn agus a chaomhnú, mar a leagtar amach i straitéis dhomhanda 2016 do bheartas eachtrach agus slándála AE; á mheabhrú gurb í an straitéis is fearr chun an t-iltaobhachas a chosaint ná é a atógáil trína dhéanamh níos ábhartha, níos athléimní agus níos éifeachtaí;

2. ag tacú le ráiteas na teachtaireachta comhpháirtí 'nach mór don Chomhairle forálacha an Chonartha a úsáid lena gceadaítear staonadh cuiditheach agus le haghaidh cinntí a ghlacadh le vótáil trí thromlach cáilithe sa Chomhbheartas Eachtrach agus Slándála';  á chur i bhfáth gur gá vótáil trí thromlach cáilithe i gcúrsaí beartais eachtraigh a dhaingniú in athruithe ar chonradh AE amach anseo, rud a chuirfeadh ar chumas AE a bheith ina ghníomhaí domhanda níos éifeachtaí;

3. ag aontú leis an gCoimisiún agus leis an Leas-Uachtarán/Ardionadaí gur gá do AE a bheith níos teanntásaí agus a leasanna á saothrú aige agus na luachanna uilíocha ar a bhfuil sé bunaithe á gcur chun cinn agus, dá bhrí sin, aontaíonn sí gur gá don Aontas na luachanna sin, an t-ord riailbhunaithe agus an t-iltaobhachas a chosaint agus a neartú mar bhealach chun cothromaíocht iomaíochta a áirithiú don chomhphobal idirnáisiúnta, lena gcuirfear ardán ar fáil le haghaidh idirphlé cuimsitheach beartais, comhair agus cóineasaithe agus lena mbainfear amach freagairtí beartais a dtacaíonn an pobal idirnáisiúnta i gcoitinne leo agus ar féidir leo seachadadh a dhéanamh i ndáiríre;

4. á thabhairt chun suntais go bhfuil sé ríthábhachtach go neartódh AE a bhosca uirlisí gníomhaíochta seachtraí agus taidhleoireachta lena ionstraimí uathrialacha féin, rud a mhéadódh a acmhainneacht chun a bheith ina ghníomhaí domhanda agus 'labhairt d'aon ghuth' chun an t-iltaobhachas a chosaint ar bhealach níos fearr, ar cheart go n-áireofaí

leis go gcruthófaí Acadamh Taidhleoireachta Eorpach mar a d'iarr an Pharlaimint le déanaí; á athdhearbhú go n-áireofaí 'Bauhaus Nua Eorpach' mar ionstraim nua i mbosca uirlisí gníomhaíochta seachtraí AE agus mar uirlis úsáideach taidhleoireachta cultúrtha agus phoiblí, atá bunriachtanach chun ord iltaobhach atá bunaithe ar luachanna agus neartú comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta a chur chun cinn;

5. á chur i bhfios go bhfuil an tAontas in ann caighdeáin rialála atá an-éifeachtúil agus cuimsitheach a cheapadh dá mhargadh aonair agus á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur cheart do AE féachaint leis na caighdeáin sin a chur chun cinn faoi chuimsiú a ghníomhaíochta seachtraí mar pharaidím agus mar rannchuidiú leis an bplé ar chaighdeáin rialála éifeachtacha dhomhanda; ag meabhrú Airteagal 24 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), ina luaitear go 'dtacóidh na Ballstáit go gníomhach agus gan chuntar le beartas eachtrach agus slándála an Aontais de mheon dílseachta agus dlúthpháirtíochta frithpháirtí', agus ina sonraítear 'go staonfaidh siad ó aon ghníomhaíocht a bheadh bunoscionn le leasanna an Aontais nó ar dóigh di a éifeachtúlacht mar fhórsa comhtháthaithe sa chaidreamh idirnáisiúnta a dhochrú.'; á chur in iúl gur cúis bhuartha di gníomhaíochtaí roinnt Ballstát, amhail tabhairt faoi thionscnaimh taidhleoireachta dhéthaobhacha le tríú tíortha, a d'fhéadfadh a bheith bunoscionn le forálacha Airteagal 24 CAE;

6. á chreidiúint nach mór do AE leanúint de bheith ag gníomhú mar chosantóir láidir agus lárnach ar an iltaobhachas ar fud an domhain agus gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn de na cuspóirí sin a sheachaint; á mheas, áfach, nach mór do AE freagairt d'fhórsaí domhanda, amhail ilroinnt mhéadaithe, armú trádála agus caomhnaitheachta, chun a bhuntáistí iomaíocha a chaomhnú;

7. á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur cheart do AE leas a bhaint as na hiarrachtaí chun teacht ar réitigh ar fhadhbanna domhanda, amhail an t-athrú aeráide, nó chun cobhsaíocht agus síocháin a chur chun cinn, mar phointe iontrála do chaidreamh taidhleoireachta níos leithne le tríú tíortha a bhféadfadh sé nach mbeadh idirphlé agus comhar maidir le míreanna beartais eile indéanta láithreach bonn i gcónaí;

8. ag iarraidh ar AE a bheith níos teanntásaí agus níos straitéisí agus é ag déileáil le bagairtí domhanda atá ag dul i méid; á chur i bhfios go láidir, i gcomhthéacs tírdhreach geopholaitiúil atá ag athrú go tapa, go bhfuil cor cinniúnach os comhair an domhain agus go bhfuil baol ann go mbeidh forlámhas ag réimis neamhdhaonlathacha ar institiúidí iltaobhacha; á iarraidh go mbeadh tiomantas láidir, bunaithe ar ghníomhaíocht, ann chun an daonlathas agus cearta bunúsacha a chosaint i bhfóraim iltaobhacha;

9. á mheabhrú nach bhfuil san Aontas ach breathnóir ar bheagnach gach eagraíocht idirnáisiúnta agus gach fóram iltaobhach, agus nach léiríonn an staid sin méid inniúlachtaí AE ná tábhacht mhéadaitheach eagraíochtaí réigiúnacha fornáisiúnta sa chinnteoireacht dhomhanda; á chreidiúint go bhfuil dlúthnasc idir éifeachtacht AE ar an leibhéal domhanda agus a stádas i bhfóraim iltaobhacha agus in eagraíochtaí iltaobhacha; ag iarraidh, dá bhrí sin, ar na Ballstáit an toil pholaitiúil a neartú chun seasamh AE in eagraíochtaí agus i bhfóraim iltaobhacha a neartú, agus tacaíocht a fháil ó thríú tíortha d'athrú stádais den sórt sin, ionas go mbeidh AE in ann a thiomantas a chomhlíonadh i ndáiríre chun an t-iltaobhachas a chosaint ar bhealach éifeachtach;

***Rannpháirtíocht na Náisiún Aontaithe agus an Aontais Eorpaigh ina chóras a neartú***

10. á athdhearbhú go dtacaíonn sí go láidir leis an gclár athchóirithe a thug Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe António Guterres isteach, agus á chur i bhfios go bhfuil gá le tuilleadh dul chun cinn, go háirithe maidir le mná, daoine óga agus daoine atá i staid leochaileach a chuimsiú, chomh maith le feasacht a mhúscailt maidir le trasnachas i struchtúir na Náisiún Aontaithe; ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé go leanfadh córas na Náisiún Aontaithe de bheith ag feidhmiú go héifeachtach; á chur i bhfios go bhfuil luach le 'hAon Náisiúin Aontaithe amháin', fís Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe do chóras na Náisiún Aontaithe, inar féidir gníomhaireachtaí agus comhpháirteanna éagsúla na Náisiún Aontaithe a idirnascadh ar gach bealach agus feidhmiú le chéile ar bhonn struchtúr aonair buiséadach agus bainistíochta, agus gnóthú chuspóirí na Náisiún Aontaithe a threisiú; á chur i bhfios, go háirithe, go bhfuil ról feabhsaithe ag Comhordaitheoirí Cónaitheacha na Náisiún Aontaithe dá bhforáiltear leis an athchóiriú ar chóras forbartha na Náisiún Aontaithe agus á mheas gur cheart do na Comhordaitheoirí Cónaitheacha sin de chuid na Náisiún Aontaithe, atá ag feidhmiú i níos mó ná 130 tír faoi láthair, a bheith ar thús cadhnaíochta ní hamháin maidir le comhordú a dhéanamh ar chur chun feidhme chláir na Náisiún Aontaithe ar an láthair chun aontacht ghníomhaíocht na Náisiún Aontaithe a threisiú, ach gur cheart dóibh freisin idirchaidreamh a dhéanamh le toscaireachtaí AE sa Bhallstát ábhartha de chuid na Náisiún Aontaithe agus dul i gcomhairle go dlúth leo chun sineirgí agus athneartú frithpháirteach a shaothrú le cláir théamacha agus gheografacha AE don tír sin;

11. á athdhearbhú gur cheart don Aontas agus do na Náisiúin Aontaithe oibriú go dlúth ar leibhéal na ceanncheathrúna agus sna réigiúin agus sna tíortha ina dtugann siad cúnamh chun anailísí a mhalartú, agus pleanáil beartais agus clár a ailíniú chun a dtionchar ar fholláine na ndaoine agus an phláinéid a uasmhéadú; á mheabhrú gur féidir leis an Aontas for-rochtain agus tionchar chláir na Náisiún Aontaithe i dtríú tíortha a threisiú go mór agus gur féidir leis a phleanáil agus a chúnamh féin a shainiú ar bhealach sineirgeach lena dtreisítear a dtionchar freisin i gcomhréir le cuspóirí na Náisiún Aontaithe; á chur i bhfáth, dá bhrí sin, an luach a bhaineann le dlúthchomhairliúchán agus dlúthchomhar idir AE agus na Náisiúin Aontaithe, agus iarrann sí ar an gCoimisiún, ar SEGS agus ar thoscaireachtaí an Aontais i dtríú tíortha teagmháil ghníomhach a dhéanamh leis na Náisiúin Aontaithe maidir le gníomhaíochtaí beartais agus pleanála na Náisiún Aontaithe do 2021-2027 agus ina dhiaidh sin agus dul i gcomhairle leo; ag iarraidh ar na Náisiúin Aontaithe dul i gcomhairle go rialta leis an Aontas ag ceanncheathrú na Náisiún Aontaithe, ach freisin ar an láthair i dtríú tíortha;

12. á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur cheart don Aontas agus do na Náisiúin Aontaithe cruinnithe mullaigh bliantúla a thionól agus go bhféadfadh Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe dul i gcomhairle leis an gComhairle, leis an gCoimisiún, le SEGS agus leis an bParlaimint; ag iarraidh ar na Náisiúin Aontaithe a áirithiú go mbeidh idirghabhálaithe ardleibhéil na Náisiún Aontaithe i láthair go seasta sa Pharlaimint chun idirphlé struchtúrtha agus comhsheasmhach beartais a chur chun cinn agus chun infheictheacht fheabhsaithe a thabhairt d'iarrachtaí na Náisiún Aontaithe; á thabhairt chun suntais gur gá feabhas a chur ar fheidhmiú polaitiúil na Náisiún Aontaithe, á iarraidh go mbeadh comhéadan níos láidre ann idir na Náisiúin Aontaithe agus eagraíochtaí réigiúnacha mar a chuir Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe Guterres i bhfios go láidir; á thabhairt chun suntais gur gá comhordú Ghníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe le hinstitiúidí idirnáisiúnta airgeadais a neartú trí Chomhairle Eacnamaíoch agus Shóisialta na Náisiún Aontaithe (ECOSOC); ag tacú le tograí Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe Guterres chun guthanna níos láidre a thabhairt do dhaoine óga agus don tsochaí shibhialta laistigh de chóras na Náisiún Aontaithe;

13. á thabhairt chun suntais, chun go mbeidh AE ina chomhpháirtí domhanda níos éifeachtaí a bheidh in ann an t-ord iltaobhach a chosaint, nach mór feabhas a chur ar chumas an Aontais gníomhú go láidir agus go pras mar sholáthraí slándála iontaofa; á iarraidh, dá bhrí sin, ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún roghanna a mheas, a fhiosrú agus a fhorbairt go críochnúil chun aonaid mhíleata ilnáisiúnta bhuana a bhunú, a bheadh lonnaithe go buan agus faoi oiliúint le chéile;

14. ag iarraidh ar Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe dlús a chur lena iarrachtaí i gcur chun feidhme Straitéis na Náisiún Aontaithe maidir le Paireacht Inscne mar uirlis riachtanach chun ionadaíocht chothrom na mban i gcóras na Náisiún Aontaithe ar gach leibhéal ordlathach a áirithiú; á mheabhrú nár ceapadh aon bhean mar Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe ó bunaíodh na Náisiúin Aontaithe in 1945; á chur i bhfios go bhfuil gá ginearálta le hionadaíocht chothrom ar mhná agus ar ghrúpaí imeallaithe, chomh maith le héagsúlacht mhéadaithe laistigh d’eagraíochtaí idirnáisiúnta; ag tacú go láidir leis an gClár Oibre don Óige, don tSíocháin agus don tSlándáil agus leis an gcuspóir atá aige guth níos mó a thabhairt don aos óg sa chinnteoireacht ar an leibhéal áitiúil, náisiúnta, réigiúnach agus idirnáisiúnta;

15. á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur cheart do AE comhlachtaí na Náisiún Aontaithe agus eagraíochtaí iltaobhacha eile a shainaithint atá ríthábhachtach chun idirphlé beartais, cóineasú agus réitigh bheartais ar dhúshláin dhomhanda agus socrú caighdeán a chur chun cinn; agus ba cheart cuspóirí soiléire agus tosaíochtaí soiléire a shainiú maidir le hidirphlé agus tacaíocht, lena n-áirítear tacaíocht bhuiséadach, do chomhlachtaí agus d’eagraíochtaí den sórt sin; á mheabhrú, i ndáil leis sin, go bhfuil AE agus a Bhallstáit ar na ranníocóirí airgeadais is mó cheana féin leis na Náisiúin Aontaithe agus le go leor dá ghníomhaireachtaí agus dá chláir, ach nach mbíonn tionchar níos láidre i gcónaí ag an Aontas, ag a Bhallstáit agus ag comhpháirtithe atá ar aon intinn i seasaimh phríomhghníomhaireachta na Náisiún Aontaithe nó i bhfóraim iltaobhacha mar gheall ar an tiomantas agus an tacaíocht sin do na Náisiúin Aontaithe, ar cúis mhór imní é tráth a bhfuil méadú ag teacht ar threallús na gcóras neamhdhaonlathach, amhail an Rúis, i bhfóraim den sórt sin;

16. á chur i bhfios go bhfuil tábhacht gheopholaitiúil mhéadaithe ag baint le caighdeáin, go háirithe sa teicneolaíocht, agus ag tathant ar AE gníomhú go straitéiseach chun a bheith ina shárchumhacht socraithe caighdeán i bhfóraim iltaobhacha;

17. ag iarraidh ar AE agus ar a Bhallstáit chomh maith le comhpháirtithe atá ar aon intinn tuilleadh feabhais a chur ar a gcomhordú a mhéid a bhaineann le tacaíocht chomhpháirteach a bhunú d’iarrthóireachtaí do sheasaimh cheannaireachta i bhfóraim iltaobhacha; á chur i bhfios gur gá comhordú a dhéanamh le comhpháirtithe atá ar aon intinn i réigiúin eile ar domhan agus i bhfianaise a thábhachtaí atá an prionsabal maidir le dáileadh geografach cothrom na seasamh ceannaireachta, go bhfanann siad ag díriú go láidir ar luachanna daonlathacha;

18. ag cur béim, ina leith sin, ar an ról lárnach atá ag an Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE) mar cholún de shlándáil na hEorpa agus á iarraidh go ndéanfaí cur chuige cuimsitheach slándála na heagraíochta a neartú tuilleadh;

19. ag iarraidh ar AE oibriú leis na Náisiúin Aontaithe agus laistigh de na Náisiúin Aontaithe, eagraíochtaí réigiúnacha, fóraim idirnáisiúnta amhail G7 agus G20 agus comhghuaillíochtaí ad hoc chun dul i ngleic leis na dúshláin dhomhanda atá os ár

gcomhair anois agus amach anseo;

20. ag iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an Leas-Uachtarán/Ardionadaí a straitéis maidir leis an iltaobhachas a fhorbairt tuilleadh, lena n-áirítear trí threoirlínte a nuashonraítear go rialta maidir leis an mbealach chun dul ar aghaidh i bhfóraim éagsúla, lena gcumhdaítear saincheisteanna amhail athchóiriú chóras na Náisiún Aontaithe agus ról níos lárnaí nó ionadaíocht fhoirmiúil ar AE, agus fís d'ord domhanda nua lena múnlófaí é ar bhealach a d'fhéadfadh an t-iltaobhachas a athbheochan; á chreidiúint go mbeidh ar AE comhghuaillíochtaí a thógáil le comhpháirtithe atá ar aon intinn chun comhar iltaobhach a fhorbairt thar raon leathan fóram, ach nach mbeidh na gníomhaithe céanna páirteach i gcónaí sna comhghuaillíochtaí sin, agus go gcaithfidh sé a bheith mar chuspóir i gcónaí córas éifeachtach riailbhunaithe rialachais dhomhanda a chaomhnú;

21. ag athdhearbhú a seasaimh maidir le cogadh ionsaithe na Rúise i gcoinne na hÚcráine a cuireadh in iúl i rúin roimhe seo;

22. ag cáineadh, go neamhbhalbh, cogadh ionsaithe Chónaidhm na Rúise i gcoinne na hÚcráine, chomh maith le rannpháirtíocht na Bealarúise sa chogadh sin, agus á éileamh go gcuirfidh an Rúis deireadh láithreach le gach gníomhaíocht mhíleata san Úcráin agus go dtarraingíonn sí gach fórsa agus trealamh míleata siar gan choinníoll ó chríoch iomlán na hÚcráine a aithnítear go hidirnáisiúnta; á chur i bhfios go láidir gur sárú tromchúiseach ar an dlí idirnáisiúnta é an t-ionsaí agus an t-ionradh míleata sin; á mheas go bhfuil ionradh na Rúise ar an Úcráin ina ionsaí ní hamháin ar thír cheannasach, ach freisin ar na prionsabail agus ar na sásraí comhair agus slándála san Eoraip agus ar an ord idirnáisiúnta riailbhunaithe, mar a bunaíodh le Cairt na Náisiún Aontaithe;

23. á chur in iúl gur geal léi fionraí na Rúise ó Chomhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine (UNHRC); á chur in iúl gur geal léi na cinntí ó eagraíochtaí idirnáisiúnta, lena n-áirítear i réimse an chultúir agus an spóirt, rannpháirtíocht na Rúise a chur ar fionraí; ag iarraidh ar cheannairí AE agus ar cheannairí stát eile an Rúis a eisiamh ó G20 agus ó eagraíochtaí comhair iltaobhacha eile, amhail an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, UNESCO agus eile, a bheadh ina chomhartha tábhachtach nach bhfillfidh an pobal idirnáisiúnta ar ghnó mar is gnách leis an stát ionsaitheora sin;

24. á chur i bhfios go láidir nach mór cur chun feidhme iomlán agus éifeachtach na smachtbhannaí atá ann cheana féin ar fud an Aontais agus ag comhghuaillithe idirnáisiúnta an Aontais a bheith ina thosaíocht anois; ag iarraidh ar AE fóraim iltaobhacha a úsáid chun éifeachtacht na smachtbhannaí sin a áirithiú;

25. á iarraidh go mbeidh trádbhac iomlán láithreach curtha ar allmhairí ola, guail, breosla núicléach agus gáis ón Rúis, go dtréigfear Nordstream 1 agus 2 go hiomlán, agus go dtíolacfar plean chun leanúint de shlándáil sholáthar fuinnimh AE sa ghearrthéarma a áirithiú; ag iarraidh ar AE tacaíocht a áirithiú trí fhóraim iltaobhacha do thríú tíortha ar mian leo trádbhac a achtú ar allmhairí fuinnimh na Rúise;

26. á chur in iúl gur geal léi cumas AE agus a Bhallstát oibriú ar bhealach comhordaithe agus seasaimh aontaithe a chur i láthair i gcóras na Náisiún Aontaithe, ag féachaint go háirithe do Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, do Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus do Chomhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine; ag moladh, i ndáil leis an méid sin, na n-iarrachtaí luachmhara comhordúcháin atá á

ndéanamh ag toscaireachtaí an Aontais chuig na Náisiúin Aontaithe i Nua-Eabhrac agus sa Ghinéiv; á chreidiúint gur cheart an cur chuige aontaithe, sineirgeach sin a mhacasamhlú i ngach comhlacht, gníomhaireacht nó eagraíocht idirnáisiúnta eile de chuid na Náisiún Aontaithe, ionas gur féidir leis an Aontas gníomhú agus seachadadh mar aon ní amháin i bhfóraim iltaobhacha; á chur in iúl gur cúis bhuartha di nach bhfuil an Chomhairle Slándála in ann cinntí a dhéanamh agus, dá bhrí sin, nach bhfuil sí éifeachtach chun freagairt do ghéarchéimeanna amhail iad siúd san Úcráin, sa tSiria, san Aetóip agus sa tSúdáin, mar a bhí i ngéarchéimeanna eile san am a chuaigh thart, agus go raibh tionchar diúltach aige sin ar na géarchéimeanna sin a chosc, a bhainistiú agus a réiteach mar gheall ar úsáid fhorleathan a baineadh as cearta crosta; ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil sé dochosanta gur féidir le stát amháin stop a chur le hiarrachtaí nuair a dhéantar cinedhíothú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna nó coireanna cogaidh;

27. ag tathant ar na Náisiúin Aontaithe a dtoscaire speisialta chuig an Libia a cheapadh, ós rud é go bhfuil an post folamh ó mhí na Samhna 2021 agus go bhfuil an próiseas daonlathach sa Libia fós ag cor cinniúnach;

28. á chur in iúl gur oth léi nach mbeidh ach dhá Bhallstát AE ar an gComhairle Slándála in 2022; á mheas gur cheart don Aontas agus do na Ballstáit machnamh a chur chun cinn maidir le téarmaí athchóirithe ar an gComhairle Slándála lena bhféadfar a cumas a athbhunú chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna ar bhealach tráthúil agus éifeachtach, lena gcuirfear teorainn iomlán leis an gceart crosadh agus athrú a dhéanamh ar chomhdhéanamh na Comhairle Slándála chun léiriú níos fearr a thabhairt ar shaol an lae inniu;

29. ag athdhearbhú a tuairime, i ndáil leis an méid sin, gur cheart don Aontas agus dá Bhallstáit oibriú chun teacht ar chomhthoil leathan maidir leis an gComhairle Slándála a athchóiriú, inter alia, ach suíochán buan a sholáthar do AE, de bhreis ar na suíocháin atá ag Ballstáit AE faoi láthair; ag spreagadh Bhallstáit AE gan dul in iomaíocht lena chéile maidir le suíochán a fháil ar an gComhairle Slándála;

30. á chur in iúl gur cúis bhuartha di creimeadh an chórais rialaithe arm agus dí-armála atá ann faoi láthair agus a ionstraimí dlíthiúla; ag tacú leis na hiarrachtaí uile chun an clár oibre maidir le rialú arm agus dí-armáil a chur ar ais ar an gclár oibre idirnáisiúnta, lena n-áirítear tríd an gComhdháil are Dhí-armáil a athbheochan; ag iarraidh ar AE agus ar a Bhallstáit Straitéis AE i gcoinne leathadh arm ollscriosta a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta chun na forbairtí geopholaitiúla, teicneolaíocha agus dlíthiúla a tharla le déanaí a chur san áireamh agus chun bonn uaillmhianach cothrom le dáta a chur ar fáil do rannpháirtíocht iltaobhach AE i leith neamhleathadh agus dí-armáil; á chur in iúl gur cúis bhuartha di forbairt teicneolaíochtaí míleata nua, amhail an intleacht shaorga (IS), armra cianspáis, biteicneolaíochtaí agus airm hipearsonacha, agus ag tacú go gníomhach le hiarrachtaí agus tionscnaimh nua chun deireadh a chur le cláir armála atá fós ar siúl ag roinnt Ballstát de chuid na Náisiún Aontaithe; ag tacú leis an obair atá á déanamh ag UN Disarmament Commission’s Outer Space Working Group [Meitheal Chianspáis de chuid Coimisiún na Náisiún Aontaithe um Dhí-armáil] maidir le cur chun feidhme praiticiúil na mbeart trédhearcachta agus cothaithe muiníne i ngníomhaíochtaí cianspáis;

31. ag tacú le tionscnamh Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe maidir le Gníomhaíocht don tSíoch※áin bunaithe ar nuashonrú a dhéanamh ar chomhpháirtíocht AE-NA maidir le bainistiú géarchéime agus oibríochtaí síochána agus féachaint ar dheiseanna le haghaidh

comhpháirtíochtaí nua, lena n-áirítear an tAontas idir AE-NA-an tAontas Afracach agus comhar le heagraíochtaí réigiúnacha eile; á athdhearbhú go bhfuil ról ríthábhachtach ag mná in idirghabháil choinbhleachta agus i misin síochánaíochta agus á mheabhrú go bhfuil easpa ionadaíochta orthu ar gach leibhéal laistigh de na Náisiúin Aontaithe, de AE agus d'eagraíochtaí agus misin iltaobhacha eile;

32. ag iarraidh ar AE agus ar a Bhallstáit feabhas a chur ar a gcumas faisnéis a chomhroinnt, dul i gcomhairle agus comhordú a dhéanamh maidir le straitéisí, beartais agus seasaimh, lena n-áirítear i gcomhlachtaí rialaithe agus i mboird comhlachtaí iltaobhacha nach bhfuil ionadaíocht dhíreach ag AE iontu, ag tosú le Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe; ag teacht leis an tuairim ón Leas-Uachtarán/Ardionadaí agus ón gCoimisiún gur cheart do AE sásraí comhordúcháin a bhunú sna hinstitiúidí idirnáisiúnta go léir, lena n-áirítear institiúidí airgeadais; á chreidiúint gur cheart an cumas comhordúcháin céanna a leathnú chuig boird chomhlachtaí uile na Náisiún Aontaithe;

33. á chreidiúint go gcuirtear deis uathúil ar fáil leis an ionstraim airgeadais nua don Eoraip Dhomhanda agus leis an gcur chuige 'Foireann na hEorpa' maidir le cúnamh geografach agus téamach agus pleanáil geografach agus téamach, chomh maith leis an Straitéis um an Tairseach Dhomhanda maidir le forbairt bonneagair a nascadh, chun clár oibre coiteann idirinstitiúideach a shainiú lena léirítear go cuí rannchuidiú Bhallstáit an Aontais agus lena léirítear rannchuidiú na mBallstát ar bhealach a chuireann luach leis an gcur chuige iltaobhach maidir le dúshláin agus géarchéimeanna ar domhan agus lena dtreisítear cumas giarála an Aontais agus a Bhallstát, lena n-áirítear i bhfóraim iltaobhacha; ag athdhearbhú a tiomantas do chur chuige geografach cothromaithe atá dírithe ar thosaíochtaí i ngníomhaíochtaí, i gcúnamh agus i gcláir an Aontais a sheoltar lasmuigh de theorainneacha an Aontais;

34. ag tabhairt rabhaidh go n-ardaíonn iarrachtaí ó rialtais neamhliobrálacha nó ó réimis fhorlámhacha agus ollsmachtacha, amhail an tSín, giaráil a bhaint amach agus a chomhdhlúthú trí eagraíochtaí idirnáisiúnta a mhaoiniú, go n-ardaítear saincheist na trodaíochta airgeadais i bhfóraim iltaobhacha agus go spreagann sé an gá atá le machnamh a dhéanamh ar an leibhéal domhanda agus ar leibhéal an Aontais araon maidir le conas neamhspleáchas agus éifeachtacht eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha agus fóraim iltaobhacha a áirithiú trí leas a bhaint as raon iomlán na n-uirlisí atá ar fáil d'institiúidí AE, lena n-áirítear, nuair is gá agus nuair is ábhartha, cistiú leordhóthanach agus inbhuanaithe ón Aontas, chomh maith le maoiniú ó fhoinsí eile; á mheabhrú go bhfuil éifeachtaí an-diúltacha ag moilleanna ar íocaíocht ranníocaíochtaí measúnaithe ó roinnt Ballstát ar obair eagraíochtaí idirnáisiúnta, agus go bhfuil siad do-ghlactha dá bhrí sin;

35. á mheabhrú gur minic a chuirtear cabhair dhaonnúil agus cúnamh um fhorbairt ó AE chuig tríú tíortha trí chóras na Náisiún Aontaithe; ag tacú leis an gcomhpháirtíocht sin idir AE agus na Náisiúin Aontaithe, ach ag iarraidh ar AE infheictheacht níos fearr a áirithiú maidir lena ról agus a rannchuidiú sonrach laistigh de na Náisiúin Aontaithe; á chur i bhfios go láidir, i ndáil leis sin, a thábhachtaí atá sé meastóireacht dhomhain a dhéanamh ar leibhéal an Aontais ar chomhpháirtíochtaí AE-NA atá ann faoi láthair agus atá beartaithe araon chun a mheas an bhfuil infheictheacht leordhóthanach ann maidir le ranníocaíocht AE, luach ar airgead na gcáiníocóirí i gcomhréir le luachanna an Aontais agus cibé an bhfuil na róil cheannaireachta a thugtar don Aontas agus dá Bhallstáit i gcomhréir le tiomantas láidir AE agus lena thiomantas do chóras na Náisiún Aontaithe;

ag iarraidh ar an gCoimisiún agus ar SEGS an t-athbhreithniú sin a dhéanamh agus dul i gcomhairle leis an bParlaimint maidir lena dtorthaí agus maidir leis an mbealach chun cinn chun a áirithiú go dtabharfar aitheantas leordhóthanach do ranníocaíocht, cionroinnt airgeadais, tiomantas agus dúthracht AE do chóras na Náisiún Aontaithe;

36. á chur i bhfáth gur cheart go mbeadh tacaíocht AE d'eagraíochtaí idirnáisiúnta agus láithreacht i bhfóraim iltaobhacha le feiceáil ag na saoránaigh i mBallstáit AE; ag iarraidh ar Leas-Uachtarán/Ardionadaí feachtas faisnéise uile-Aontais a sheoladh maidir le tacaíocht AE a thugtar d'eagraíochtaí idirnáisiúnta agus maidir lena láithreacht, lena chuspóirí agus lena ghníomhaíochtaí i bhfóraim iltaobhacha; ag iarraidh ar an gCoimisiún, ar SEGS agus ar na Ballstáit, ar an gcaoi chéanna, ról gníomhach AE i bhfóraim iltaobhacha a chur chun cinn agus tuilleadh faisnéise a chur ar fáil faoi rannchuidithe AE agus faoin méid atá bainte amach in eagraíochtaí idirnáisiúnta, lena n-áirítear trí insintí, seasaimh agus ráitis choiteanna maidir le rúin ó na Náisiúin Aontaithe;

37. á chur i bhfios go láidir gur gá do Bhallstáit AE dlús a chur leis an gcomhordú maidir le Cistí agus Cláir na Náisiún Aontaithe, ag sainaithint príomhchuspóirí agus cur chuige comhpháirteach maidir le treoshuíomh na mBord Feidhmiúcháin; ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé trédhearcacht agus cuntasacht a áirithiú i maoiniú agus i gcaiteachas eagraíochtaí iltaobhacha

38. ag moladh na hoibre a rinne 'Alliance for Multilateralism' [an Comhghuaillíocht don Iltaobhachas] mar líonra neamhfhoirmiúil de thíortha atá aontaithe ina dtuairim gurb é ord iltaobhach riailbhunaithe an t-aon ráthaíocht iontaofa don chobhsaíocht agus don tsíocháin idirnáisiúnta, agus nach féidir ár gcomhdhúshláin a réiteach ach amháin tríd an gcomhar;

***Iltaobhachas a atógáil trí chomhpháirtíochtaí domhanda feabhsaithe chun comhspriocanna a shaothrú***

39. á chur i bhfáth gur gá oibriú i dtreo iltaobhachas atá éifeachtach, dírithe ar thorthaí, bunaithe ar luachanna agus cuimsitheach, inar féidir le rialtais, leis an tsochaí shibhialta, le gníomhaithe reiligiúnacha, leis an earnáil phríobháideach, leis an saol acadúil agus le geallsealbhóirí ábhartha eile oibriú go héifeachtach le chéile chun freastal ar luachanna agus leasanna domhanda agus chun spriocanna domhanda a bhaint amach; ag aithint a thábhachtaí atá sé an dá sprioc chriticiúla de chuid an Aontais a thabhairt le chéile, is é sin feabhas a chur ar infheictheacht agus giaráil an Aontais mar ghníomhaí domhanda agus tacú le ról na bhfóraim iltaobhacha; á mheabhrú gur gá aghaidh a thabhairt ar an teannas sin agus é a bhainistiú agus seasamh atá ar bhonn prionsabail agus teanntásach a chur in iúl idir an dá sprioc sin, i gcomhréir le croíluachanna, smaointe agus leasanna an Aontais; á chur i bhfios, in ainneoin an teannais dhealraitheach idir an dá sprioc chriticiúla Eorpacha sin, go gcuireann siad deiseanna nua ar fáil freisin, toisc gur féidir le neamhspleáchas straitéiseach feabhsaithe AE cur ar chumas an Aontais comhghuaillíochtaí a dhéanamh lena chomhpháirtithe déthaobhacha laistigh de chaibidlíocht iltaobhach, agus gealltanais iltaobhacha a chur chun cinn agus a chosaint le linn caibidlíochtaí déthaobhacha; ag iarraidh ar AE agus ar na Ballstáit an t-iltaobhachas agus na hinstitiúidí iltaobhacha ábhartha a chosaint go comhsheasmhach agus go gníomhach gach uair a bhaintear an bonn díobh ar bhealach nó i bhfoirm ar bith;

40. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá comhar iltaobhach leanúnach maidir le cúrsaí slándála agus cosanta; ag thabhairt chun suntais obair na comhpháirtíochta idir an tAontas agus ECAT agus an chomhair idir AE agus ESCE atá bunaithe ar thacaíocht chomhchoiteann do chroíluachanna comhroinnte an daonlathais, na saoirse, na hurraime do chearta an duine agus dhínit an duine, an smachta reachta agus cur chun cinn na síochána agus an chomhair idirnáisiúnta agus an t-ord idirnáisiúnta riailbhunaithe á chosaint ag an am céanna; ag iarraidh ar Bhallstáit AE agus ar chomhaltaí ECAT nach ndearna amhlaidh cheana féin páirt a ghlacadh i dtionscnaimh Eorpacha slándála agus cosanta chun comhar comhpháirteach a chomhlánú agus a neartú tuilleadh;

41. ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart go ndíreodh an t-iltaobhachas agus aon athchóiriú ar an gcóras reatha ar thrédhearcacht agus ar chuntasacht mhéadaithe, chomh maith le rannpháirtíocht le gníomhaithe neamhstáit, chun cuidiú le muinín na ndaoine sna hinstitiúidí sin a athbhunú agus chun dlisteanacht níos fearr a thabhairt dóibh; á chur i bhfáth gur gá aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le sreabha aindleathacha airgeadais a chosc agus a chomhrac agus comhar idirnáisiúnta agus dea-chleachtais maidir le aischur agus aisghabháil sócmhainní a neartú, lena n-áirítear trí bhearta níos éifeachtaí chun na hoibleagáidí atá ann cheana faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i gcoinne an Éillithe agus faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta a chur chun feidhme; á chur i bhfáth gur gá bearta éifeachtacha, cuimsitheacha agus inbhuanaithe a chur chun feidhme chun éilliú a chosc agus a chomhrac faoi chuimsiú Chlár Oibre 2030; á chur i bhfáth nach mór an comhrac i gcoinne sreabha aindleathacha airgeadais a chuíchóiriú ar an leibhéal domhanda;

42. ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé leanúint de dhul i dteagmháil le comhghuaillithe agus le comhpháirtithe atá ar aon intinn in eagraíochtaí idirnáisiúnta agus i bhfóraim iltaobhacha chun comhghuaillíocht de thíortha atá ar aon intinn a chomhdhlúthú atá tiomanta do luachanna agus cuspóirí comhchoiteanna agus d'idirphlé beartais agus do chomhar éifeachtach ar fud an domhain; á chur i bhfios go láidir gur gá comhaontú maidir le beartas eachtrach agus comhar slándála idir AE agus an Ríocht Aontaithe a chur mar iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir AE agus an Ríocht Aontaithe, rud a chuirfeadh ar chumas an dá thaobh aghaidh níos fearr a thabhairt ar dhúshláin choiteanna maidir le slándáil dhomhanda agus leis an mbeartas eachtrach; á chur i bhfáth go bhfónfadh comhaontú den sórt sin freisin chun comhar a éascú in eagraíochtaí iltaobhacha, go háirithe na Náisiúin Aontaithe, agus aird á tabhairt ar an iliomad comhluachanna agus leasanna atá ag an dá thaobh;

43. á chur i bhfios go bhfuil tábhacht ar leith ag baint le comhpháirtithe traidisiúnta trasatlantacha nó Eorpacha amhail SAM agus Ceanada, chomh maith leis an Ríocht Aontaithe, na Balcáin Thiar agus tíortha eile de chuid Chomharsanacht an Deiscirt agus an Oirthir, ach freisin comhghuaillithe daonlathacha eile atá ar aon intinn i Meiriceá Laidineach, sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach, agus san Afraic lenar féidir limistéar níos leithne de luachanna agus de chaighdeáin choiteanna a chruthú i gcomhpháirtíocht agus tiomantas do fhreagairtí domhanda ar dhúshláin dhomhanda a chur chun cinn chomh maith le chomhghuaillíocht idirnáisiúnta níos leithne de chomhpháirtithe atá ar aon intinn; á chur i bhfios go láidir, i ndáil leis an méid sin, a thábhachtaí atá idirphlé agus comhar méadaithe le tíortha san Afraic atá ar aon intinn, agus a thábhachtaí atá sé tacú leo todhchaí a thógáil don Afraic atá bunaithe ar an daonlathas, ar an gcuimsiú agus ar an rathúnas, agus aird á tabhairt ag an am céanna ar an ngá atá le dul i ngleic le dúshláin agus bagairtí slándála a eascraíonn as an athrú aeráide, as an sceimhlitheoireacht agus as an gcoireacht eagraithe;

44. á thabhairt chun suntais go bhfuil luach intreach ag caidreamh AE leis an Aontas Afracach (AA) agus le Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib iontu féin agus go bhfuil siad ríthábhachtach d'iltaobhachas athnuaite; á mheabhrú, ina ráiteas comhpháirteach dar teideal 'An Afraic agus an Eoraip: fís chomhpháirteach do 2030', go bhfuil gealltanas tugtha ag an Aontas agus ag an Aontas Afracach go n-oibreoidís le chéile chun iltaobhachas éifeachtach a chur chun cinn laistigh den ord idirnáisiúnta riailbhunaithe, leis na Náisiúin Aontaithe ina chroílár, agus gheall siad go n-oibreoidís i dtreo seasaimh níos cóineasaithe i bhfóraim iltaobhacha chun neamhionannais dhomhanda a laghdú, an dlúthpháirtíocht a neartú, an t-athrú aeráide a chomhrac agus seachadadh 'earraí poiblí domhanda' a fheabhsú, i gcomhréir le Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe agus le Clár Oibre 2063 an Aontais Afracaigh;

45. ag tacú, dá bhrí sin, leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag an Leas-Uachtarán/Ardionadaí, ag an gComhairle agus ag an gCoimisiún comhpháirtíocht AE leis an Aontas Afracach agus le Comhphobal Stáit Mhuir Chairib agus Mheiriceá Laidinigh a neartú tuilleadh; á chur i bhfios a thábhachtaí atá sé cóineasú na seasamh ag na Náisiúin Aontaithe agus ag fóraim iltaobhacha eile idir AE agus tíortha aontachais agus tíortha comhpháirtíochta araon a chur chun cinn; ag iarraidh ar AE cur lena chumas cuidiú le tíortha comhpháirtíochta agus le tíortha atá ar aon intinn, lena n-áirítear trí fhothú acmhainneachta, comhroinnt eolais, oiliúint agus nascadh, ionas gur féidir leo páirt níos éifeachtaí a ghlacadh sa chóras iltaobhach, chomh maith le dea-chleachtais a mhalartú leo chun foghlaim óna dtaithí freisin; á athdhearbhú a thábhachtaí atá sé na fóraim iltaobhacha atá ann cheana a athneartú le comhpháirtithe atá ar aon intinn, go háirithe na cruinnithe mullaigh idir an tAontas agus Comhphobal Stáit Mhuir Chairib agus Mheiriceá Laidinigh;

46. á chur i bhfáth go bhfuil gá le comhar idir AE agus ASEAN mar bhealach chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin fhrithpháirteacha i réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise; á chur i bhfáth gur gá borradh a chur faoi ról na n-eagraíochtaí réigiúnacha i gcóras na Náisiún Aontaithe trí chruinniú mullaigh bliantúil de cheannairí na n-eagraíochtaí réigiúnacha a mholadh;

47. ag tathant ar an gCoimisiún agus ar SEGS tionscnaimh nua a mholadh chun freagairt do rioscaí slándála a bhaineann leis an aeráid agus an Comhaontú Glas don Eoraip á chur chun cinn ag an am céanna i bhfóraim idirnáisiúnta; á chreidiúint gur cheart do AE tacú le spriocanna uaillmhianacha maidir le laghdú CO2 i dtríú tíortha agus á chur i bhfáth gur gá taidhleoireacht aeráide a chur i gcroílár a ghníomhaíochta seachtraí chun síocháin agus slándáil dhomhanda a chur chun cinn;

48. ag tacú le habhcóideacht agus cosaint gan staonadh AE do chearta uilíocha an duine agus do shaoirsí bunúsacha uilíocha, a thacaíocht dhaingean do huiliú an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine, a thacaíocht ghníomhach do fhóraim de chuid na Náisiún Aontaithe um chearta an duine agus a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna práinneacha maidir le cearta an duine, a thacaíocht dhaingean chun cuntasacht agus sásraí idirnáisiúnta ceartais a neartú, a chomhrac i gcoinne saoirse ó phionós agus urraim do cheannasacht agus do shláine críche stát; á chur i bhfios go láidir, ina leith sin, tacaíocht AE do theorainneacha idirnáisiúnta atá bunaithe agus aitheanta agus ag diúltú d'aon iarrachtaí chun iad a athrú le fórsa;

49. ag tacú leis an Leas-Uachtarán/Ardionadaí agus leis an gCoimisiún agus iad ag iarraidh a áirithiú go ngníomhóidh UNHRC ar bhealach níos éifeachtúla, go dtabharfar aghaidh

go pras ar gach saincheist maidir le cearta an duine agus ar gach cás tíre go héifeachtach, go hinchreidte agus gan chlaontacht, agus go n-áiritheofar sineirgí le fóraim iltaobhacha eile um chearta an duine;

50. á iarraidh go mbeidh comhlachtaí um chearta an duine chomh neamhchlaonta agus is féidir agus go ndéanfar na comhlachtaí sin a chosaint ó aon chur isteach ó stáit arb eol go ndearna siad sáruithe ar chearta an duine; á áitiú, dá bhrí sin, gur gá caighdeáin shoiléire a shainiú maidir le hurraim do chearta an duine, don smacht reachta agus do chearta bunúsacha atá le comhlíonadh chun go nglacfar leo mar chomhalta de UNHRC, agus á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur cheart do AE a bheith níos réamhghníomhaí ina leith sin agus tacú le hathchóiriú cuimsitheach ar UNHRC;

51. ag moladh obair Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine agus á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim go gcuireann Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine deiseanna uathúla ar fáil chun páirt a ghlacadh in idirphlé agus i gcomhar éifeachtach maidir le conas cumas seachadta chóras na Náisiún Aontaithe um chearta an duine a chuíchóiriú agus a threisiú, lena n-áirítear trí ghrinnscrúdú poiblí méadaithe ar bhallraíocht UNHRC, ar fhreagrachtaí agus ar imeachtaí gealltanais éigeantacha ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe le hiarrthóirí do UNHRC, mar a mhol an Leas-Uachtarán/Ardionadaí agus an Coimisiún ina gcumarsáid chomhpháirteach; á chur in iúl gur geal léi gur seoladh idirphlé straitéiseach bliantúil leis na Náisiúin Aontaithe an 12 Deireadh Fómhair 2021;

52. ag tabhairt dá haire nach leor go háirithe na hacmhainní airgeadais a leithdháiltear ar obair Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine, agus go bhfuil go leor tíortha ag iarraidh iad a laghdú, cé gur éileamh seanbhunaithe ar AE é maoiniú a mhéadú d’Oifig an Ard-Choimisinéara um Chearta an Duine; á chur in iúl gur geal léi tionscnaimh agus gníomhaíochtaí AE maidir le cearta an duine i dTríú Coiste Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe agus i gComhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, chomh maith leis an gcomhar idir AE agus na Náisiúin Aontaithe maidir le saincheisteanna éagsúla téamacha agus tírbhunaithe a bhaineann le cearta an duine;

53. á iarraidh go gcruthófar tuilleadh sineirgí idir na moltaí ón sásra Universal Public Review [um Athbhreithniú Poiblí Uilechoiteann] (UPR) agus ó Voluntary National Reviews [Athbhreithnithe Náisiúnta Deonacha] (VNRanna) a rinneadh faoi chuimsiú na SDGanna, agus iad sin a nascadh le pleanáil tionscadal tiomnaithe AE um chearta an duine; ag spreagadh AE agus a chuid Ballstát chun dlús a chur lena n-iarrachtaí i gcoinne iarrachtaí tíortha forlámhacha chun frith-insint a chruthú d’fhonn an tuiscint ar chearta an duine a athrú trí bhéim a leagan ar chearta comhchoiteanna thar chearta aonair; ag iarraidh ar AE tacú le hobair ENRanna agus chosantóirí chearta an duine ag UNHRC a bhfuil níos mó brú agus bagairt á cur ag stáit údarásacha orthu;

54. á chur in iúl gur saoth léi mí-úsáid UNHRC ag réimis fhorlámhacha agus ollsmachtacha a leanann de mhí-úsáid a bhaint as chun a gcríoch féin, go háirithe, chun an bonn a bhaint dá fheidhmiú agus chun córas noirm chearta an duine a lagú; a iarraidh ar AE agus ar a Bhallstáit tacú le hathchóiriú cuimsitheach ar UNHRC;

55. ag cur béim ar a phráinní atá sé príomhshruthú inscne agus plean gníomhaíochta inscne III (GAP III) a chur chun feidhme go hiomlán agus a chomhtháthú go córasach i ngníomhaíocht sheachtrach uile an Aontais; á iarraidh ar AE agus ar na Ballstáit ceannaireacht a fheidhmiú i gcur chun feidhme Rún 1325 (2000) ó Chomhairle Slándála

na Náisiún Aontaithe maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil; á chur i bhfios go láidir go bhfuil ról lárnach ag mná i gcosc coinbhleachtaí, i gcaibidlíocht síochána, i gcothú na síochána, i gcoimeád na síochána, sa fhreagairt dhaonnúil agus in atógáil iarchoinbhleachta; á chur i bhfáth, dá bhrí sin, gur gá do AE rannpháirtíocht chomhionann na mban agus rannpháirtíocht iomlán na mban a áirithiú sna hiarrachtaí uile chun an tsíocháin agus an tslándáil a choinneáil agus, ag an am céanna, gné na hinscne a áireamh ina ghníomhaíocht sheachtrach uile;

***Rannpháirtíocht fheabhsaithe Pharlaimint na hEorpa***

56. á mheabhrú, chun go mbeidh rath ar an iltaobhachas riailbhunaithe, éifeachtach, dírithe ar thorthaí agus líonraithe, go bhfuil sé tábhachtach parlaimintí a thoghtar go daonlathach a rannpháirtiú, rochtain níos leithne ar raon leathan geallsealbhóirí a áirithiú agus idirphlé agus comhar a leathnú chuig eintitis neamhstáit amhail rialtais réigiúnacha, bardais, an saol acadúil, an tsochaí shibhialta agus an earnáil eacnamaíoch; ag tacú le tionscnaimh idirnáisiúnta lena n-iarrtar rannpháirtíocht fhónta na Téaváine mar bhreathnóir i gcruinnithe, sásraí agus gníomhaíochtaí comhlachtaí iltaobhacha, lena n-áirítear an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS), an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO), Eagraíocht Idirnáisiúnta na bPóilíní Coireachta (Interpol) agus Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide (UNFCCC); á mheabhrú gur féidir le parlaimintí a thoghtar go daonlathach infheictheacht a thabhairt do na guthanna a thacaíonn leis an iltaobhachas agus iad a chumhachtú mar bhealach le haghaidh freagairtí éifeachtacha beartais ar mhaithe le gach cineál daonna, agus gur féidir leo an nasc is gá idir eagraíochtaí idirnáisiúnta agus fóraim chinnteoireachta iltaobhacha agus saoránaigh a dhaingniú tuilleadh;

57. á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur cheart do AE tacú le comhlacht a bhunú laistigh de chóras na Náisiún Aontaithe chun carachtar daonlathach, cuntasacht dhaonlathach agus trédhearcacht an rialachais dhomhanda a mhéadú;

58. ag cur béim ar an ról sineirgeach is féidir leis an bParlaimint a imirt ina for-rochtain rialta pholaitiúil agus beartais le parlaimintí Bhallstáit AE agus tríú tíortha, ós rud é gur féidir leis an bhfor-rochtain sin comhghuaillíocht na dtíortha atá ar aon intinn in eagraíochtaí idirnáisiúnta agus i bhfóraim iltaobhacha a threisiú agus a leathnú tuilleadh agus cur lena cumas tionchair dhearfacha a imirt; á mheas gur cheart machnamh a dhéanamh ar an bhféidearthacht toscaireacht de chuid na Parlaiminte chuig na Náisiúin Aontaithe a chruthú, agus béim ar leith á leagan ar Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe agus ar ghnéithe parlaiminteacha eile d’eagraíochtaí idirnáisiúnta agus d’fhóraim iltaobhacha chun naisc pharlaiminteacha agus idirphlé parlaiminteach le córas na Náisiún Aontaithe agus fóraim iltaobhacha ábhartha eile a threisiú agus chun idirphlé daonlathach agus plé straitéiseach ar leibhéal idirinstitiúideach AE a áirithiú;

59. á chur i bhfáth gur cheart do AE tacú le tionscnaimh atá dírithe ar thuairimí na sochaí sibhialta a ionchorprú níos fearr i bpróiseas cinnteoireachta na Náisiún Aontaithe; á iarraidh go mbunófaí fóraim nua laistigh de chóras na Náisiún Aontaithe lena gcuirfí ar chumas na sochaí sibhialta dul i mbun idirphlé beartais leis na Náisiúin Aontaithe agus iad siúd atá ann cheana a úsáid go héifeachtach;

60. á chreidiúint gur cheart d’oifigí na Parlaiminte i gcathracha le comhlachtaí na Náisiún Aontaithe nó le heagraíochtaí idirnáisiúnta atá ábhartha do ghníomhaíocht sheachtrach AE teagmháil a dhéanamh le gníomhaíochtaí na gcomhlachtaí agus na n-eagraíochtaí

sin agus iad a chumhdach d'fhonn nasc níos dlúithe a bhunú le hiarrachtaí, gealltanais agus físeanna a bhaineann le hiltaobhachas AE agus na Parlaiminte; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur cheart machnamh a dhéanamh ar conas is féidir leis an bParlaimint uasmhéadú a dhéanamh ar na sineirgí idir toscaireachtaí idirpharlaiminteacha, coistí agus seirbhísí na Parlaiminte atá dírithe ar bhreathnóireacht toghcháin agus ar thacaíocht daonlathais chun gníomhaíocht sheachtrach AE a threisiú tuilleadh trí ghníomhaíochtaí na gcomhlachtaí parlaiminteacha sin; ag cur béim ar a thábhachtaí atá obair an Aontais Idirpharlaiminteach (IPU);

61. á chur in iúl go dtacaíonn sí le ról na Parlaiminte i ngníomhaíochtaí parlaiminteacha, fothaithe acmhainneachta, tacaíocht don daonlathas domhanda a threisiú agus a ról speisialta in idirghabháil pharlaiminteach agus in idirphlé trí Idirphlé Jean Monnet, i measc nithe eile; á chur i bhfios go láidir go bhfuil breisluach ag baint leis an ról speisialta atá ag an bParlaimint maidir le hidirphlé a chothú agus dea-chleachtais agus caighdeáin dhaonlathacha a chomhroinnt;

62. á mheabhrú go bhfuil ról lárnach ag Parlaimint na hEorpa mar institiúid dhaonlathach, chomórtha ar féidir léi fóram poiblí uathúil agus dearcadh uathúil a chur ar fáil chun an t-iltaobhachas a chur chun cinn; á mheas gur cheart don Pharlaimint leanúint de bheith ag iarraidh go rialta ar cheannairí ardleibhéil ó eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha leasanna agus tosaíochtaí comhroinnte a phlé; á chreidiúint, chun gné pharlaiminteach na bhfóraim iltaobhacha a threisiú, gur cheart don Pharlaimint, ar bhonn bliantúil, comhdháil de chainteoirí ó thíortha G7 agus G20 a óstáil ar a háitreabh; á iarraidh go ndéanfaí an t-idirphlé struchtúrtha idir an Pharlaimint agus córas na Náisiún Aontaithe a atreisiú; á chur i bhfáth, i ndáil leis an méid sin, a thábhachtaí atá sé cruinnithe rialta a thionól chun tuairimí a mhalartú idir an Coiste um Ghnóthaí Eachtracha agus coistí ábhartha eile agus cinn thoscaireachtaí AE chuig na Náisiúin Aontaithe i Nua-Eabhrac agus sa Ghinéiv agus idir na coistí sin agus cinn mhisin Bhallstáit AE atá ina gcomhaltaí buana nó sealaíochta de Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe; á thabhairt chun suntais rannchuidiú dearfach na dtoscaireachtaí bliantúla ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha agus óna fhochoistí chuig ceanncheathrú na Náisiún Aontaithe i Nua-Eabhrac; á iarraidh go gcuirfí cuid de na seisiúin neamhfhoirmiúla idir an tAontas Eorpach agus Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe ar bhonn foirmiúil; ag moladh go gcuirfí comhlachas foirmiúil ar bun idir an Pharlaimint agus Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe;

***Iltaobhachas mar spreagadh chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda práinneacha***

63. á thabhairt chun suntais rannchuidiú ríthábhachtach an chórais iltaobhaigh chun aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide; á iarraidh go ndéanfaí na creataí iltaobhacha reatha a fheabhsú, a neartú agus a institiúidiú tuilleadh lena bhféachtar leis an athrú aeráide a chomhrac, amhail UNFCCC, ina bhfuil 197 bpáirtí lena n-áirítear Ballstáit uile na Náisiún Aontaithe agus, dá bhrí sin, a bhfuil ballraíocht uilíoch nach mór acu, trí shásraí cuntasachta agus prionsabail nithiúla a bhunú chun éifeachtacht a sainorduithe a áirithiú; á chur i bhfios go láidir gur gá an ghníomhaíocht dhomhanda i gcoinne an athraithe aeráide a threisiú, ós rud é nach féidir leis an domhan an méadú teochta a theorannú go 1,5 céim os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch ach amháin trí ghníomhaíocht dhomhanda chomhchoiteann, láithreach agus uaillmhianach;

64. á chreidiúint gur cheart go dtacódh tíortha tionsclaithe sa chomhrac i gcoinne an téimh

dhomhanda le tíortha i mbéal forbartha san aistriú ó bhreoslaí iontaise go fuinneamh glas ní hamháin trí chistiú a aistriú ach trí shaineolas agus teicneolaíocht a aistriú freisin;

65. á mheabhrú a thábhachtaí atá sé díriú ar chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta trí rannchuidithe arna gcinneadh go náisiúnta (NDCanna) a ghlacadh agus a chur chun feidhme, agus ag an am céanna a áirithiú go mbeidh an comhphobal idirnáisiúnta ar an mbóthar ceart le chéile chun spriocanna Chomhaontú Pháras a bhaint amach ar an leibhéal iltaobhach; ag iarraidh ar rialtais NDCanna uaillmhianacha a leagan síos, nach gcomhlíonfar cuspóir 1,5 céim dá n-uireasa, agus ag iarraidh orthu a chéile a spreagadh chun fanacht ar an mbóthar ceart;

66. á mheabhrú a thábhachtaí atá sé oibriú go dlúth le hastaírí móra, le tíortha atá leochaileach ó thaobh na haeráide de agus le comhpháirtithe trasatlantacha chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le sprioc 2030 ag Comhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide in 2022; á iarraidh go leanfaí d'iarrachtaí iltaobhacha chun maoiniú a shlógadh do na SDGanna agus don aeráid, lena n-áirítear 50 % den mhaoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide a chur i leataobh don oiriúnú; á chur in iúl gur geal léi iarrachtaí Chomhdháil 2021 na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide (COP26) chun sainmhínithe a bhunú ar bhréagaisnéis a bhaineann leis an athrú aeráide;

67. á mheabhrú go bhfuil tionchar ollmhór ag sáruithe ar chearta comhshaoil ar réimse leathan de chearta an duine, lena n-áirítear na cearta chun beatha, féinchinntiúchán, bia, uisce, sláinte, cearta cultúrtha, sibhialta agus polaitiúla; á chur i bhfáth go bhfuil an bhithéagsúlacht agus cearta an duine idirnasctha agus idirspleách agus ag meabhrú na hoibleagáidí atá ar stáit maidir le cearta an duine an bhithéagsúlacht a chosaint a bhfuil na cearta sin ag brath uirthi, lena n-áirítear trí fhoráil a dhéanamh do rannpháirtíocht na saoránach i gcinntí a bhaineann leis an mbithéagsúlacht agus trí rochtain a sholáthar ar leigheasanna éifeachtacha i gcás chailliúint agus díghrádú na bithéagsúlachta; á chur in iúl go dtacaíonn sí leis na hiarrachtaí normatacha nuaghinte ar an leibhéal idirnáisiúnta maidir le coireanna comhshaoil; á mholadh, i ndáil leis an méid sin, do AE agus do na Ballstáit aitheantas d'éiceamharú mar choir idirnáisiúnta a chur chun cinn faoi Reacht na Róimhe den Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta (ICC);

68. á mheabhrú go bhfuil ról lárnach ag fóraim iltaobhacha maidir le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin phaindéim COVID-19, agus á thabhairt chun suntais gur sampla é sin dá dtábhacht maidir le sláinte phoiblí dhomhanda agus cumhdach sláinte uilíoch a chur chun cinn agus a chosaint; ag ceiliúradh forbairt an tionscnaimh maidir le Rochtain Dhomhanda ar Vacsaíní COVID-19 (COVAX), ar cleachtadh é nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo sa dlúthpháirtíocht idirnáisiúnta, agus a bhuí lena dheontóirí agus lena rannchuiditheoirí, agus béim á leagan aici ag an am céanna ar an ngá atá ann leanúint d'acmhainní a dheonú agus a mhéadú, chomh maith le fothú acmhainneachta maidir le táirgeadh agus dáileadh vacsaíní, chun vacsaíní agus cóireálacha a chur ar fáil saor in aisce do gach tír ar bhealach ina bhféadfaí gach tír a shroicheadh go tráthúil;

69. ag moladh obair EDS maidir leis an bpaindéim a chomhrac trína chinntí atá bunaithe ar eolas agus fianaise eolaíoch, agus grinnscrúdú agus cuntasacht neamhspleách á n-áirithiú ag an am céanna maidir leis an mbainistiú a dhéanann EDS ar phaindéim COVID-19; á chur i bhfáth gur gá a shainordú agus a acmhainneacht feidhmiúcháin a fheabhsú, go háirithe maidir le comhroinnt sonraí agus slógadh acmhainní, chomh maith le próiseas cinnteoireachta a Choiste Éigeandála a athchóiriú agus sásraí forfheidhmithe

a bhunú dá chinntí agus dá phlé;

70. á chur in iúl gur geal léi gur cuireadh tús leis an obair ar chonradh nua idirnáisiúnta ar phaindéimí, tar éis do 194 chomhalta uile EDS cinneadh a ghlacadh an 31 Bealtaine 2021; ag tathant ar AE oibriú faoi chuimsiú eagraíochtaí iltaobhacha chun feabhas a chur ar shásraí domhanda chun paindéimí a chosc agus a chomhrac, agus leas á bhaint as an taithí a fuarthas ón bhfreagairt idirnáisiúnta ar phaindéim COVID-19;

71. á iarraidh go mbeadh creataí reachtacha agus rialála neartaithe ann agus á iarraidh go ndéanfaí comhleanúnachas beartais a chur chun cinn chun rochtain éifeachtach ar sheirbhísí sláinte a bhaint amach, lena n-áirítear trí reachtaíocht a achtú agus beartais a chur chun feidhme lena soláthraítear rochtain níos fearr ar sheirbhísí sláinte, ar tháirgí agus ar vacsaíní, go háirithe do na daoine is mó atá faoi mhíbhuntáiste;

72. á iarraidh go mbeadh comhar idirnáisiúnta ann maidir le gné na hinscne a phríomhshruthú ar bhonn uile-chórais agus beartais sláinte á gceapadh, á gcur chun feidhme agus faireachán á dhéanamh orthu, agus riachtanais shonracha na mban agus na gcailíní uile á gcur san áireamh, d’fhonn comhionannas inscne agus cumhachtú na mban a bhaint amach i mbeartais sláinte agus i soláthar córas sláinte;

73. ag tathant ar AE iarrachtaí a chur chun cinn sna Náisiúin Aontaithe chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac tríd na ceithre cholún de Straitéis Dhomhanda Frithsceimhlitheoireachta na Náisiún Aontaithe a d’fhormheas an Comhthionól Ginearálta i mí Mheán Fómhair 2006 a chur chun feidhme agus a nuashonrú;

74. á iarraidh go ndéanfar bearta sonracha chun leanaí a chosaint a bhféadfadh paindéim COVID-19 a leochaileacht a ghéarú go háirithe, lena n-áirítear maidir lena rochtain ar shláinte, ar oideachas, ar bhia inacmhainne, ar uisce glan, ar shaoráidí sláintíochta agus ar thithíocht leormhaith; á athdhearbhú go bhfuil tionchar diúltach ag an athrú aeráide agus ag an díobháil don chomhshaol ar fheidhmiú chearta an linbh;

75. á chur i bhfáth go bhfuil gá le gníomhaíocht iltaobhach bhreise sa rialachas eacnamaíoch, go háirithe maidir le cánachas; á chur in iúl gur geal léi an treoir a léirítear i gCreat Cuimsitheach ECFE/G20 maidir le creimeadh an bhoinn agus aistriú brabúis (BEPS) agus an togra is déanaí uaidh maidir le híosráta cánach corparáide 15 % a bhunú agus an colún a bheidh ann amach anseo lena bhféadfar cearta cánachais a athdháileadh ar bhealach níos cothroime; ag tabhairt dá haire an togra ón gCoimisiún maidir le hacmhainn dhílis atá comhionann le 15 % de sciar bhrabúis iarmharacha na bhfiontar ilnáisiúnta is mó agus is brabúsaí a ath-leithdháileadh ar Bhallstáit AE faoin gcomhaontú seo; ag spreagadh an phobail idirnáisiúnta chun iarracht a dhéanamh tuilleadh comhtháthaithe a dhéanamh sa réimse sin chun cleachtais agus mí-úsáidí éagóracha a sheachaint; á iarraidh go ndéanfar caighdeáin agus noirm idirnáisiúnta a chur chun feidhme ar bhonn níos leithne sa réimse beartais sin; á mheabhrú a ríthábhachtaí atá an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT) maidir leis an trádáil dhomhanda a rialáil agus a éascú;

76. ag tabhairt dá haire gur gá do AE oibriú go dlúth le comhpháirtithe atá ar aon intinn chun EDT a nuachóiriú agus a fheistiú le huirlisí chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin trádála an 21ú haois, lena n-áirítear an réabhlóid dhigiteach agus an t-aistriú glas, cothrom agus inbhuanaithe; ag iarraidh ar AE dul i dteagmháil le comhaltaí uile EDT chun clár oibre dearfach don athchóiriú agus plean oibre nithiúil a thabhairt chun cinn

ag an 12ú Comhdháil Aireachta; ag aithint go bhfuil comhar AE-SAM ar thús cadhnaíochta maidir le dul chun cinn a dhéanamh sa chaibidlíocht iltaobhach trádála;

77. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé tabhairt faoi thionscnaimh agus tacú leo chun imghabháil cánach, sciúradh airgid agus éilliú a chomhrac; ag tacú le hobair ar leibhéal na Náisiún Aontaithe ar shaincheisteanna cánach d'fhonn guth a áirithiú do thíortha i mbéal forbartha i gcúrsaí cánach;  ag obair chun dlús a chur leis an gcaibidlíocht maidir le cód iompair éifeachtach chun imghabháil cánach idirnáisiúnta a chomhrac trí Chomhaontuithe Malartaithe Faisnéise Cánach (TIEAnna) a úsáid;

78. ag tabhairt dá haire a thábhachtaí atá an t-iltaobhachas chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin agus ar réaltachtaí nua amhail cailliúint na bithéagsúlachta, an chibearshlándáil, an bhiteicneolaíocht, an digitiú, gníomhaíochtaí geopholaitiúla agus rialachas sna réigiúin pholacha, IS agus bagairtí atá ag teacht chun cinn, amhail scaipeadh na bréagnuachta, na bréageolaíochta agus na bréagaisnéise atá cumasaithe ag an teicneolaíocht; á áitiú gur cheart go mbeadh saineolaithe, eolaithe agus ionadaithe ábhartha na sochaí sibhialta ina bpáirtithe i socruithe iltaobhacha, il-gheallsealbhóra;

79. á chur in iúl gur geal léi seoladh na Comhairle Trádála agus Teicneolaíochta (TTC) idir AE agus SAM;

80. á mheabhrú a thábhachtaí atá sé prionsabal agus cuspóir an chomhionannais inscne a phríomhshruthú ar fud na réimsí beartais uile;

81. á chur in iúl gur geal léi iarrachtaí Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe digitiú na Náisiún Aontaithe a fheabhsú agus a chomhordú, ionas go bhfónfaidh an t-idirlíon do cholúin na Náisiún Aontaithe: an tsíocháin agus an tslándáil, cearta an duine agus an fhorbairt;

82. á thabhairt chun suntais gur féidir tionchar dearfach a bheith ag iltaobhachas athnuaite maidir leis an gclaochlú digiteach a bhrú chun cinn, ní hamháin mar ghiaráil chumhachtach chun na SDGanna a chur chun feidhme, ach freisin mar gheall ar an ngéarghá atá le caighdeáin agus noirm bhunúsacha a leagan síos agus aghaidh a thabhairt ar na rioscaí agus na dúshláin a bhaineann leis;

83. á mheabhrú, i bhfianaise na Síne atá ag éirí níos uaillmhianaí, níos teanntásaí agus níos ionsaithí, gur cheart don Aontas agus dá chomhpháirtithe daonlathacha atá ar aon intinn comhordú a dhéanamh i bhfóraim iltaobhacha mar chuid de chomhghuaillíocht daonlathais teicneolaíochta chun seasamh leis an gcóras idirnáisiúnta riailbhunaithe, chun cur i gcoinne comhordú forlámhach atá dírithe ar fhóraim idirnáisiúnta a fhuadach, agus chun a áirithiú, trí bhíthin rialacha maidir le caighdeáin a leagan síos agus rialacha domhanda, go bhfanfaidh teicneolaíochtaí nua duinelárnach;

84. á chur i bhfios gur cheart caitheamh leis an saol digiteach freisin mar fhoinse nua cánachais an-tábhachtach;

85. á áitiú go bhfuil an t-iltaobhachas lárnach chun ord a choinneáil go héifeachtach sa chianspás agus gur gá tionscnaimh reatha a dhoimhniú, agus cinn nua a sheoladh, chun úsáidí síochánta an chianspáis a chaomhnú;  á chur i bhfáth gur cheart úsáid an chianspáis a rialú le sraith fheabhsaithe rialacha agus caighdeán idirnáisiúnta agus le córas atá dírithe ar úsáid fhadtéarmach, inbhuanaithe, freagrach agus síochánta an spáis a ráthú;

86. ag iarraidh ar AE ról níos gníomhaí a shaothrú lena bhforbrófar creat idirnáisiúnta do theicneolaíochtaí IS atá duinelárnach agus iontaofa, go háirithe maidir le córais arm uathrialaitheach;

87. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá comhar iltaobhach idir comhpháirtithe atá ar aon intinn chun bréagaisnéis mhailíseach agus ionramhálach arna scaipeadh ag gníomhaithe stáit agus neamhstáit a chomhrac; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé go mbeadh AE ar thús cadhnaíochta ar fud an domhain maidir le sainmhínithe, noirm agus prionsabail idirnáisiúnta a bhunú chun dul i ngleic leis na saincheisteanna sin, lena n-áirítear maidir le cur isteach eachtrach i dtoghcháin;

88. á chur i bhfáth go bhfuil ról tábhachtach ag an bParlaimint maidir le dlúthfhaireachán agus tacaíocht a thabhairt do phróiseas cur chun feidhme spriocanna SDGanna agus do spriocanna Chomhaontú Pháras tríd an mbithéagsúlacht, an comhshaol nádúrtha agus a hacmhainní a chaomhnú, lena n-áirítear trí fhéachaint ní hamháin le faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn, ach freisin le feabhas a chur ar leithdháileadh acmhainní agus feabhsuithe nó tograí nithiúla a mholadh; á thabhairt chun suntais an dá phríomhsmaoineamh straitéiseacha atá ag an togra ‘Ár gComhchlár Oibre’ ó Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe António Guterres, eadhon an gá atá le Comhaontú Nua Domhanda agus Conradh Sóisialta Nua; á chur i bhfios go bhféadfaí iad sin a aistriú ina mbearta nithiúla amhail Ciste Glas Domhanda níos láidre agus sásra tacaíochta airgeadais do thíortha a bhfuil fiachais ard acu, ar choinníoll go gcuireann siad SDGanna chun feidhme agus go ngníomhaíonn siad i gcoinne na bochtaineachta;

89. ag tathant ar an Aontas caomhnú agus cosaint oidhreacht chultúrtha agus stairiúil na hEorpa a áirithiú i ngach fóram iltaobhach amhail UNESCO;

90. á chur i bhfáth go bhfuil géarghá le dul i ngleic leis an gcomhionannas inscne, le cearta bunúsacha agus leis an gcomhrac ar son an neamh-idirdhealaithe i gcoinne na mban, na gcailíní agus na ngrúpaí imeallaithe ar an leibhéal domhanda, lena n-áirítear sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe; ag dréim leis go ndéanfaidh an Coimisiún, na Ballstáit agus SEGS GAP III AE a chomhtháthú go córasach i ngach gníomhaíocht sheachtrach, lena n-áirítear a rannpháirtíocht ar an leibhéal iltaobhach agus go gcomhoibreoidh siad go dlúth le rialtais chomhpháirtíochta, leis an tsochaí shibhialta, leis an earnáil phríobháideach agus le geallsealbhóirí tábhachtacha eile; ag iarraidh ar an gCoimisiún agus ar SEGS sineirgí le comhpháirtithe a neartú chun príomhshruthú inscne a chur chun cinn go comhpháirteach agus chun spriocanna idirnáisiúnta comhionannais inscne a bhaint amach go rathúil; ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart do AE a bheith ar thús cadhnaíochta i measc an chomhphobail idirnáisiúnta maidir le dlús a chur le hiarrachtaí chun deireadh a chur le húsáid an fhoréigin ghnéasaigh agus inscnebhunaithe mar arm i gcoinbhleacht armtha;

91. á iarraidh go ndaingneofar go huilíoch agus go gcuirfear chun feidhme go héifeachtach an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe Chiníoch a Dhíothú; á iarraidh go práinneach go gcuirfear deireadh le gach cineál idirdhealaithe chiníoch trí gach modh iomchuí, lena n-áirítear reachtaíocht; á aithint go bhfuil ról fíorthábhachtach ag an oideachas agus ag an gcultúr maidir le cearta an duine a chur chun cinn agus maidir leis an gciníochas, an t-idirdhealú ciníoch, an tseineafóibe agus an éadulaingt ghaolmhar a chomhrac go trasnach, go háirithe maidir le prionsabail na caoinfhulaingthe, an chuimsithe agus na hurraime don éagsúlacht eitneach, reiligiúnach agus chultúrtha a chur chun cinn, agus maidir le cosc a chur ar leathadh gluaiseachtaí

agus smaointe ciníocha agus seineafóibeacha antoisceacha; á athdhearbhú gur gá cosaint chomhionann an dlí agus an chomhionannais os comhair na gcúirteanna, cumhachtú agus rannpháirtíocht iomlán agus éifeachtach i bpróisis chinnteoireachta agus sa saol polaitiúil, eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha a áirithiú do dhaoine dúchasacha, lena n-áirítear do mhná agus do chailíní; á iarraidh go neartófaí cosaint daoine faoi mhíchumas agus go dtabharfaí aird orthu siúd a bhfuil idirdhealú trasnach os a gcomhair, go háirithe mná agus daoine dúchasacha faoi mhíchumas;

92. ag iarraidh ar AE an comhar iltaobhach maidir leis an gceartas idirnáisiúnta a mhéadú i bhfianaise líon méadaitheach na sáruithe i gcoinne an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus an dlí dhaonnúil; ag iarraidh ar AE agus ar a chomhpháirtithe na huirlisí atá ar fáil i gcomhlachtaí idirnáisiúnta a fhorbairt agus a úsáid, amhail UNHRC, Nósanna Imeachta Speisialta na Náisiún Aontaithe, Rapóirtéirí Speisialta na Náisiún Aontaithe, sásraí ESCE, Comhairle na hEorpa nó cúirteanna idirnáisiúnta, chun feabhas a chur ar chomhlíonadh an dlí idirnáisiúnta ag gníomhaithe stáit agus neamhstáit agus chun prionsabal na dlínse uilíche a bheidh le cur i bhfeidhm i gcórais dlí baile a chur chun cinn; ag iarraidh ar AE ról na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta a neartú agus a fhoireann a mhéadú trí thacaíocht láidir taidhleoireachta, pholaitiúil agus airgeadais a chur ar fáil dó; ag iarraidh ar an gCoimisiún, ar an Leas-Uachtarán/Ardionadaí agus ar na Ballstáit a iarraidh ar Bhallstáit uile na n-institiúidí iltaobhacha nár dhaingnigh Reacht na Róimhe go fóill é sin a dhéanamh;

93. ag iarraidh ar an gCoimisiún dréachtú an chreata díchill chorparáidigh a thabhairt i gcrích go pras agus oibriú le comhpháirtithe atá ar aon intinn chun dul i ngleic le sáruithe ollmhóra ar chearta an duine ag réimis údarásaíocha agus ollsmachtacha, agus, ar an gcaoi sin, slabhraí soláthair domhanda inbhuanaithe agus athléimneacha a dhaingniú i bhfianaise thionchar mailíseach na réimeas forlámhach agus ollsmachtach;

94. á iarraidh go mbeadh beartas idirnáisiúnta ann chun cosaint agus tacaíocht a chur ar fáil do chosantóirí chearta an duine atá i mbaol; ag cáineadh na mbeart díoltais a ghlac roinnt rialtas i gcoinne eagraíochtaí na sochaí sibhialta, gníomhaithe agus cosantóirí chearta an duine mar fhreagairt ar a n-idirghníomhaíocht dhlisteanach le comhlachtaí idirnáisiúnta agus ag iarraidh ar an gComhairle agus ar an Leas-Uachtarán/Ardionadaí freagairt go córasach agus go neamhbhalbh gach uair a dtarlaíonn sé sin; ag iarraidh ar AE tacú leis an iarraidh ar bhuansásra imscrúdaithe de chuid na Náisiún Aontaithe maidir le coireanna i gcoinne iriseoirí agus le smachtbhannaí spriocdhírithe a ghlacadh i gcoinne na ndaoine sin atá freagrach as gníomhartha foréigin i gcoinne iriseoirí a bhagairt nó a ordú chun deireadh a chur le saoirse ó phionós, foréigean i gcoinne iriseoirí a chosc agus bearta a chur chun cinn chun a sábháilteacht a fheabhsú;

95. ag athdhearbhú a hiarrata ar AE gealltanais iltaobhacha níos láidre a éileamh chun teacht ar réitigh pholaitiúla inbhuanaithe ar choinbhleachtaí reatha agus chun a áirithiú go mbeidh cearta an duine i gcroílár na mbeartas maidir le coinbhleachtaí a chosc agus maidir le hidirghabháil; á mheabhrú a thábhachtaí atá an tsíochánaíocht idirnáisiúnta agus réiteach coinbhleachtaí, chomh maith le tacaíocht AE do mhisin ábhartha; á chur i bhfáth go bhfuil gá le cuspóirí soiléire, cumas soiléir seachadta, agus sásraí éifeachtacha, lena n-áirítear dearcthaí na mban i gcomhréir le Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus le gach rún ina dhiaidh sin; á iarraidh go ndéanfar athchóiriú ar struchtúir ábhartha ar bhealach chun deireadh a chur le saoirse ó phionós pearsanra atá ciontach as mí-úsáid agus foréigean gnéasach a dhéantar agus iad ag fónamh in oibríochtaí míleata agus misin shibhialtacha, chomh maith le baill foirne i

ngníomhaireachtaí, oifigí agus comhlachtaí iltaobhacha eile, agus sásraí maoirseachta agus cuntasachta feidhmiúla agus trédhearcacha a bhunú;

96. á chur i bhfáth go bhfuil ról ríthábhachtach ag rath na n-eagraíochtaí iltaobhacha chun muinín an phobail as an daonlathas, as an liobrálachas, agus as an tábhacht a bhaineann leis an ord domhanda riailbhunaithe a athbhunú;

97. á chur i bhfios go láidir nach mór córas trádála iltaobhach atá oscailte, cuimsitheach, riailbhunaithe agus neamh-idirdhealaitheach a bheith ina phríomhspreagadh do léirscaoileadh trádála domhanda agus nach mór ardfhás eacnamaíoch, iomaíochas agus nuálaíocht, cruthú post, feabhsú caighdeán maireachtála, fás ioncaim, cur chun cinn na forbartha eacnamaíche inbhuanaithe agus an comhrac i gcoinne an athraithe aeráide a bheith mar thoradh air sin, agus ar an gcaoi sin rathúnas, síocháin agus slándáil a neartú i gcomhréir le SDGanna; ag tabhairt dá haire thairis sin an ról atá ag córas iltaobhach trádála maidir le timpeallacht trádála intuartha a chothú trí rialacha agus rialacháin chómhalartacha, níos trédhearcaí agus níos cothroime maidir le trádáil chóir a fhorbairt arna gcur chun feidhme ar bhealach comhsheasmhach, in-fheidhmithe agus comhleanúnach; ag meabhrú thorthaí na tuarascála dar teideal ‘EU exports to the world: effects on employment’ [Onnmhairí an Aontais chuig an domhan: Éifeachtaí ar fhostaíocht] ó mhí na Samhna 2021, inar léiríodh go bhfuil onnmhairí ag tacú le breis agus 38 milliún post in AE; ag iarraidh ar an gCoimisiún leanúint dá chuid oibre chun na torthaí sin a chur in iúl agus feasacht a mhúscailt maidir leis na tairbhí agus na gnéithe dearfacha a bhaineann leis an trádáil idirnáisiúnta; á chreidiúint, áfach, gur gá muinín as institiúidí iltaobhacha a athbhunú i bhfianaise dúshláin dhomhanda, go háirithe maidir le tionscnaimh chomhchoiteanna a chur chun feidhme chun earraí poiblí domhanda a sholáthar, i gcomhthéacs dinimic chumhachta domhanda atá ag athrú; ag athdhearbhú an ról atá ag an AE sa phróiseas sin;

98. á chur in iúl gurb oth léi an claonadh atá ag dul i méid i dtreo na caomhnaitheachta agus an trádáil a úsáid mar uirlis comhéigin a forbraíodh i gcodanna den gheilleagar domhanda, as a n-eascraíonn suaitheadh agus teannas geopholaitiúil; ag meabhrú gurb iad beartais eacnamaíocha náisiúnacha lena mbaineann sáruithe ar rialacha bunaithe ar an dlí trádála idirnáisiúnta agus a spreagann frithbheart ag comhpháirtithe trádála glanmhalairt an chórais trádála domhandaithe atá againn; á iarraidh go ndéanfaí iarrachtaí forfheidhmiúcháin trádála an Aontais a neartú tuilleadh agus go bhforbrófaí bosca uirlisí d’ionstraimí uathrialacha trádála, amhail an ionstraim frith-chomhéignithe, an ionstraim um fhóirdheontais shaofa agus an ionstraim soláthair idirnáisiúnta, chomh maith leis an bpost ón bPríomhoifigeach Forfheidhmithe Trádála (CTEO) a chruthú, chun freagairt do na dúshláin sin atá ag teacht chun cinn; ag tabhairt dá haire go bhfuil sé mar aidhm leabhar rialacha iltaobhach athchóirithe agus dea-fheidhmiúil a bhaint amach a mbeidh córas réitigh díospóidí éifeachtach agus feidhmiúil ina chroílár laistigh de EDT; á chur i bhfáth, áfach, gur gá leanúint de bheith rannpháirteach go hiomlán sna hiarrachtaí chun EDT a athchóiriú d’fhonn a éifeachtacht, a chuimsitheacht, a thrédhearcacht agus a dhlisteanacht a mhéadú mar bhunchloch do gheilleagar domhanda atá oscailte, cothrom agus inbhuanaithe bunaithe ar rialacha, agus chun dul i ngleic leis na dúshláin agus na rioscaí a bhaineann le geilleagair neamh-mhargaidh; á chur in iúl gur díol sásaimh di i ndáil leis an méid sin, an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Athbhreithniú ar an mBeartas Trádála i mí Feabhra 2021 ina leagtar amach cur chuige cuimsitheach maidir leis an Eagraíocht Dhomhanda Trádála a nuachóiriú; á chur i bhfáth nach mór rannpháirtíocht éifeachtach an Aontais a bheith bunaithe ar chur chuige réamhbhreathnaitheach i leith na trádála, má táthar chun trádáil atá bunaithe ar rialacha

a chur chun cinn;

99. á chur in iúl gur díol sásaimh di gur tugadh an 12ú Comhdháil Aireachta de chuid EDT chun críche go rathúil, agus á athdhearbhú go dtacaíonn sí go hiomlán le córas trádála riailbhunaithe, ar cheart go rannchuideodh sé le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda agus leis an aistriú glas, an réabhlóid dhigiteach agus an comhrac i gcoinne an neamhionannais a thionlacan; ag tathant ar thíortha EDT na cinntí a rinneadh a chur chun feidhme, gan mhoill, agus oibriú i dtreo athchóiriú a dhéanamh ar an eagraíocht roimh an 13ú Comhdháil Aireachta chun go mbeidh EDT lánfheidhmiúil agus oiriúnach don fheidhm; á chur in iúl gurb oth léi nach raibh gné inscne agus trádála san áireamh sa 12ú Comhdháil Aireachta, agus á iarraidh go mbeadh an tsaincheist sin lárnach don 13ú Comhdháil Aireachta;

100. á chur i bhfáth gur cheart go mbeadh níos mó rannpháirtíochta ag comhlachtaí parlaiminteacha i rialachas domhanda atá daonlathach, dlisteanach, cuntasach agus trédhearcach, mar gur féidir le parlaiminteoirí atá tofa go díreach feidhmiú mar nasc ríthábhachtach idir na saoránaigh agus an córas iltaobhach; ag cur béim ar a thábhachtaí atá an iltaobhachas cothrománach agus comhleanúnach, chomh maith le hobair chomhdháil pharlaiminteach Pharlaimint na hEorpa agus an Aontais Idirpharlaiminteach ar an EDT chun na críche sin; á chur i bhfios go láidir gur gá a áirithiú go mbeidh rochtain níos fearr ag parlaiminteoirí ar chaibidlíochtaí trádála agus go mbeidh siad rannpháirteach i bhfoirmliú sainorduithe agus i gcur chun feidhme chinntí EDT, agus i gcaibidlíocht maidir le hábhair a bhaineann le trádáil laistigh de chomhlachtaí agus institiúidí iltaobhacha eile; ag athdhearbhú gur gá don Aontas agus do chomhaltaí uile EDT feabhas a chur ar a gcuid malartuithe leis na geallsealbhóirí, lena n-áirítear an tsochaí shibhialta, eagraíochtaí gnó agus an pobal gnó i gcoitinne; ag iarraidh ar an gCoimisiún a chomhar leis na heagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha uile a dhoimhniú, amhail an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair, córas na Náisiún Aontaithe, an G7, an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta, an Banc Domhanda agus an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta, agus ag leagann béim ar a ról i ndáil le córas trádála oscailte atá bunaithe ar rialacha a chur chun cinn;

101. á chur in iúl gur geal léi dlúthchomhar EDT le EDS agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta eile chun a áirithiú go mbeidh ról dearfach ag an trádáil maidir le haghaidh a thabhairt ar an bpaindéim agus ar an ngéarchéim ina dhiaidh sin, agus maidir le tacú le téarnamh an gheilleagair dhomhanda; á chur i bhfios go láidir gur léirigh paindéim COVID-19 go bhfuil easnaimh ag ár n-institiúidí idirnáisiúnta; ag iarraidh ar an gCoimisiún na ceachtanna a foghlaimíodh ó phaindéim COVID-19 a fhiosrú agus dul i dteagmháil le comhpháirtithe domhanda chun aghaidh a thabhairt ar na ceachtanna sin sa chlár oibre don athchóiriú; á iarraidh go dtabharfaí tionscnamh uaillmhianach i réimse na trádála agus na sláinte chun críche; ag tabhairt dá haire uaillmhianta EDT a sainordú a leathnú chun ábharthacht níos mó a bhaint amach sa réimse poiblí trí bhíthin a rannpháirtíochta méadaithe maidir le saincheisteanna amhail sláinte, inbhuanaitheacht, neamhionannas saibhris, inscne agus cumhachtú na mban, i gcomhréir le SDGanna agus Comhaontú Pháras; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur céimeanna tábhachtacha a bheidh sna céimeanna sin mar chuid dá phróiseas athchóirithe, in éineacht leis na príomhfheidhmeanna atá aige rialacha trádála iltaobhacha a bhunú, bacainní trádála a laghdú agus modh a chur ar fáil chun díospóidí trádála a réiteach idir a chuid ball;

102. ag iarraidh ar an gComhairle a bheith níos teanntásaí agus í ag iarraidh comhaontuithe saorthrádála a thabhairt i gcrích le tríú tíortha; ag tabhairt dá haire go méadaíonn

comhaontuithe saorthrádála idirghníomhaíochtaí eacnamaíocha agus spleáchais idir tíortha, agus gur féidir leo, dá bhrí sin, feidhmiú mar réamhtheachtaí do rannpháirtíocht níos gníomhaí agus níos uaillmhianaí ar an leibhéal iltaobhach;

103. ag iarraidh ar an gComhairle, ar an gCoimisiún agus ar an Leas-Uachtarán/Ardionadaí aird chuí a thabhairt ar an tuarascáil sin agus tosaíochtaí AE á sainiú don 77ú Comhthionól Ginearálta de chuid na Náisiún Aontaithe, chomh maith le heagraíochtaí idirnáisiúnta eile agus fóraim iltaobhacha;

°

° °

104. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, chuig an gCoimisiún agus, mar eolas, chuig Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe agus chuig Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe.